#  Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

Eagrán Speisialta *

20 Meitheamh 2019

An t-eagrán Gaeilge

## Reachtaíocht

Clár

I *Gníomhartha reachtacha*

RIALACHÁIN

★ **Rialachán (AE) 2019/982 Ó Pharlaimint Na hEorpa Agus Ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1343/2011 maidir le forálacha áirithe i ndáil le hiascaireacht i limistéar Chomhaontú CGIM (An Coimisiún Ginearálta Iascaigh don Mheánmhuir)** . . . . . . 1

TREORACHA

★ **Treoir (AE) 2019/983 Ó Pharlaimint na hEorpa Agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 lena leasaítear Treoir 2004/37/CE maidir le hoibrithe a chosaint ar na rioscaí a bhaineann le nochtadh do charcanaiginí nó do shó-ghineacha ag an obair** ([1]) . . . . . . 23

CINNTÍ

★ **Cinneadh (AE) 2019/984 Ó Pharlaimint Na Eorpa Agus Ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 lena leasaítear Treoir 96/53/CE ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an teorainn ama do chur chun feidhme na rialacha speisialta maidir le fad uasta i gcás cábáin lena seachadtar feidhmíocht aeraidinimiciúil, éifeachtúlacht fuinnimh agus feidhmíocht sábháilteachta níos fearr** . . . . . . 30

([1]) Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE.

GA

* Faoin tagairt L 164 a foilsíodh ábhar an eagráin seo i dteangacha oifigiúla eile an Aontais Eorpaigh.

I

*(Gníomhartha reachtacha)*

# RIALACHÁIN

## RIALACHÁN (AE) 2019/982 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**an 5 Meitheamh 2019**

**lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1343/2011 maidir le forálacha áirithe i ndáil le hiascaireacht i limistéar Chomhaontú CGIM (An Coimisiún Ginearálta Iascaigh don Mheánmhuir)**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ([1]),

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ([2]),

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leis an gComhaontú maidir le bunú an Choimisiúin Ghinearálta Iascaigh don Mheánmhuir ("Comhaontú CGIM") soláthraítear creat iomchuí do chomhar iltaobhach chun forbairt, caomhnú, bainistíocht réasúnach agus scothúsáid acmhainní beo muirí a chur chun cinn sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh ar leibhéil a meastar ina leith go bhfuil siad inbhuanaithe agus go bhfuil riosca íseal ann go gclisfidh siad.

(2) Is é ceann de chuspóirí an Chomhbheartais Iascaigh (CBI), mar a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), a áirithiú go bhfuil gníomhaíochtaí iascaireachta agus dobharshaothraithe inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de san fhadtréimhse agus go ndéanfar iad a bhainistiú ar bhealach atá comhsheasmhach leis na cuspóirí i dtaca le sochair don gheilleagar, don tsochaí agus don fhostaíocht a bhaint amach, agus i dtaca le rannchuidiú le hinfhaigheacht soláthairtí bia.

(3) Tá an tAontas, chomh maith leis an mBulgáir, leis an nGréig, leis an Spáinn, leis an bhFrainc, leis an gCróit, leis an Iodáil, leis an gCipir, le Málta, leis an Rómáin agus leis an tSlóivéin, ina bpáirtithe conarthacha i gComhaontú CGIM.

(4) Maidir leis na moltaí arna nglacadh ag an gCoimisiún Ginearálta Iascaigh don Mheánmhuir ("CGIM"), tá siad ina gceangal ar a pháirtithe conarthacha. Ós rud é gur páirtí conarthach i gComhaontú CGIM é an tAontas, tá na moltaí seo ina gceangal ar an Aontas agus ba cheart, dá bhrí sin, iad a chur chun feidhme i ndlí an Aontais mura bhfuil a n-inneachar faoi chumhdach leis an dlí sin cheana.

---

([1]) IO C 283, 10.8.2018, lch. 95.

([2]) Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 26 Márta 2019 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 21 Bealtaine 2019.

([3]) Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22).

(5) Le Rialachán (AE) Uimh. 1343/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]) leagtar síos forálacha áirithe i ndáil le hiascaireacht i limistéar Chomhaontú CGIM. Is é an gníomh reachtach iomchuí é chun inneachar na moltaí ó CGIM atá glactha ag an CGIM, agus nach bhfuil a n-ábhar cumhdaithe go fóill faoi dhlí an Aontais, a chur chun feidhme.

(6) Ag a Sheisiún Bliantúil in 2015, ghlac CGIM Moladh CGIM/39/2015/2 maidir le bunú sraithe de chaighdeáin íosta i ndáil le hiascaigh ina n-úsáidtear tráil ghrinnill ar stoic ghrinnill i gCaolas na Sicile. Áirítear sna caighdeáin sin bearta teicniúla caomhnaithe i ndáil le rós-séacla domhainmhara (*Parapenaeus longirostris*) agus colmóir (*Merluccius merluccius*). Tá cuid de na bearta sin ann cheana in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 ón gComhairle ([5]) maidir le híosmhéideanna tagartha caomhnaithe na speiceas lena mbaineann. Ba cheart, áfach, na bearta maidir le bainistíocht cabhlaigh atá i Moladh 39/2015/2 a chur i bhfeidhm i ndlí an Aontais trí bhíthin Rialachán (AE) Uimh. 1343/2011.

(7) Ag a Sheisiún Bliantúil in 2015, ghlac CGIM Moladh CGIM/39/2015/3 maidir le bunú sraithe de bhearta chun iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscthe agus neamhrialáilte (NNN) in iascaigh turbaird *(Psetta maxima)* sa Mhuir Dhubh a chosc, a dhíspreagadh agus a dhíothú. Foráiltear maidir leis an gcuid is mó de na bearta sin i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/218 ón gCoimisiún ([6]), Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 ón gComhairle ([7]), Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle ([8]), Rialachán (AE) Uimh. 1343/2011, Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 404/2011 ón gCoimisiún ([9]). Tá roinnt beart maidir le bainistíocht cabhlaigh leagtha síos i Moladh 39/2015/3 nach gcumhdaítear i reachtaíocht an Aontais agus ba cheart, dá bhrí sin, iad a chur chun feidhme i ndlí an Aontais trí bhíthin Rialachán (AE) Uimh. 1343/2011.

(8) Ag a Sheisiún Bliantúil in 2015, ghlac CGIM Moladh CGIM/39/2015/4 maidir le bearta bainistíochta d'fhíogaigh ghobacha sa Mhuir Dhubh lena dtugtar isteach íosmhéid tagartha caomhnaithe don speiceas lena mbaineann.

(9) Ag a Sheisiún Bliantúil in 2016, ghlac CGIM Moladh CGIM/40/2016/4, lena mbunaítear plean bainistíochta ilbhliantúil i ndáil leis na hiascaigh ina saothraítear colmóir agus rós-séacla domhainmhara Eorpach i gCaolas na Sicile (folimistéir gheografacha (FLG) 12 go 16). Foráiltear maidir le cuid de ghnéithe an phlean ilbhliantúil cheana i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/218 agus i Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013. Mar sin féin, tá roinnt beart atá leagtha síos i Moladh 40/2016/4 nach gcumhdaítear i reachtaíocht an Aontais agus ba cheart, dá bhrí sin, iad a chur chun feidhme i ndlí an Aontais trí bhíthin Rialachán (AE) Uimh. 1343/2011.

(10) Ag a Sheisiún bliantúil in 2017, ghlac CGIM Moladh CGIM/41/2017/2 maidir le bainistíocht iascaigh deargáin i Muir Alboran (folimistéir gheografacha 1,2,3) ar feadh idirthréimhse dhá bhliain. Is é is cuspóir oibríochtúil an Mholta sin básmhaireacht iascaireachta a chaomhnú i ndáil le deargáin laistigh de phointí tagartha réamhchúraim comhaontaithe agus chun an uastáirgeacht inbhuanaithe a bhaint amach nó a chothabháil a luaithe agus is féidir.

(11) Ag a Sheisiún Bliantúil in 2017, ghlac CGIM Moladh CGIM/41/2017/3 maidir le bunú limistéir shrianta iascaigh in Jabuka/Pomo Pit i Muir Aidriad.

([4]) Rialachán (AE) Uimh. 1343/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le forálacha áirithe i ndáil le hiascaireacht i limistéar Chomhaontú CGIM (An Coimisiún Ginearálta Iascaigh don Mheánmhuir) agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 ón gComhairle maidir le bearta bainistíochta do shaothrú inbhuanaithe acmhainní iascaigh sa Mheánmhuir (IO L 347, 30.12.2011, lch. 44).

([5]) Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 ón gComhairle an 21 Nollaig 2006 maidir le bearta bainistithe i leith saothrú inbhuanaithe acmhainní iascaigh sa Mheánmhuir, lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 2847/93 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1626/94 (IO L 409, 30.12.2006, lch. 11).

([6]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/218 ón gCoimisiún an 6 Feabhra 2017 maidir le clár cabhlaigh iascaireachta an Aontais (IO L 34, 9.2.2017, lch. 9).

([7]) Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 ón gComhairle an 29 Meán Fómhair 2008 lena mbunaítear córas Comhphobail chun iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte a chosc, a dhíspreagadh agus a dhíothú, lena leasaítear Rialacháin (CEE) Uimh. 2847/93, (CE) Uimh. 1936/2001 agus (CE) Uimh. 601/2004 agus lena n aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 1093/94 agus (CE) Uimh. 1447/1999 (IO L 286, 29.10.2008, lch. 1).

([8]) Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle an 20 Samhain 2009 lena mbunaítear córas rialaithe Comhphobail d'fhonn comhlíonadh rialacha an chomhbheartais iascaigh a áirithiú agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 847/96, (CE) Uimh. 2371/2002, (CE) Uimh. 811/2004, (CE) Uimh. 768/2005, (CE) Uimh. 2115/2005, (CE) Uimh. 2166/2005, (CE) Uimh. 388/2006, (CE) Uimh. 509/2007, (CE) Uimh. 676/2007, (CE) Uimh. 1098/2007, (CE) Uimh. 1300/2008, (CE) Uimh. 1342/2008 agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 2847/93, (CE) Uimh. 1627/94 agus (CE) Uimh. 1966/2006 (IO L 343, 22.12.2009, lch. 1).

([9]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 404/2011 ón gCoimisiún an 8 Aibreán 2011 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe chun Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle lena mbunaítear córas rialaithe Comhphobail chun comhlíonadh rialacha an Chomhbheartais Iascaigh a áirithiú a chur chun feidhme (IO L 112, 30.4.2011, lch. 1).

(12) Ag a Sheisiún Bliantúil in 2017, ghlac CGIM Moladh CGIM/41/2017/4 maidir le plean bainistíochta ilbhliantúil i ndáil le hiascach turbard sa Mhuir Dhubh (folimistéar geografach 29). Bunaítear leis an Moladh sraith de bhearta bainistíochta, bearta teicniúla, bearta cabhlaigh agus bearta rialaithe, mar thionscadal píolótach chun iascaireacht turbaird NNN a chomhrac sa Mhuir Dhubh. Foráiltear maidir le cuid de na bearta sin cheana i Rialachán (AE) 2017/218, Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008, Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, Rialachán (AE) Uimh. 1343/2011, Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 404/2011. Mar sin féin, tá roinnt beart de chuid Mholadh 41/2017/4 nach gcumhdaítear i reachtaíocht an Aontais agus ba cheart, dá bhrí sin, iad a chur chun feidhme i ndlí an Aontais trí bhíthin Rialachán (AE) Uimh. 1343/2011.

(13) Ag a Sheisiún Bliantúil in 2017, ghlac CGIM Moladh CGIM/41/2017/5 maidir le plean bainistíochta oiriúnaithí réigiúnach a bhunú i ndáil le saothrú coiréalaigh dheirg sa Mheánmhuir.

(14) Ag a Sheisiún Bliantúil in 2017, ghlac CGIM Moladh CGIM/41/2017/8 maidir le scéim cigireachta agus faireachais chomhpháirteach idirnáisiúnta lasmuigh de na huiscí atá faoi dhlínse náisiúnta i gCaolas na Sicile (folimistéir gheografacha 12 go 16) a d'fhéadfaidh Ballstáit cinneadh a dhéanamh páirt a ghlacadh inti. Chun comhlíonadh CBI a áirithiú, tá reachtaíocht Aontais glactha chun córas rialaithe, cigireachta agus forfheidhmithe a bhunú, lena n-áirítear an comhrac i gcoinne gníomhaíochtaí NNN. Go háirithe, le Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 bunaítear córas de chuid an Aontais um rialú, cigireacht agus forfheidhmiú, ag a bhfuil cur chuige domhanda agus comhtháite chun comhlíonadh rialacha uile an CBI a áirithiú. Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 404/2011 leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009. Le Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 bunaítear córas Comhphobail le haghaidh iascaireacht NNN a chosc, a dhíspreagadh agus a dhíothú. Leis na Rialacháin sin, foráiltear cheana maidir le roinnt beart a leagtar síos i Moladh CGIM/41/2017/8. Ní gá, dá bhrí sin, na bearta sin a áireamh sa Rialachán seo. Mar sin féin, tá roinnt beart atá leagtha síos sa Mholadh sin nach gcumhdaítear i reachtaíocht an Aontais agus ba cheart, dá bhrí sin, iad a chur chun feidhme i ndlí an Aontais trí bhíthin Rialachán (AE) Uimh. 1343/2011.

(15) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 1343/2011 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 1343/2011**

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1343/2011 mar a leanas:

(1) In Airteagal 2(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

"Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir le gach gníomhaíocht iascaireachta tráchtála agus gníomhaíocht dobharshaothraithe tráchtála, mar aon le gníomhaíochtaí iascaireachta áineasa i gcás ina bhforáiltear go sonrach dóibh sa Rialachán seo, arna ndéanamh ag soithí iascaireachta an Aontais agus ag náisiúnaigh na mBallstát i limistéar Chomhaontú CGIM.";

(2) Leasaítear Airteagal 3 mar seo a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na coda réamhráití:

"Chun críocha an Rialacháin seo, i dteannta na sainmhínithe a leagtar síos in Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*), in Airteagal 2 de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 agus in Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle (**), beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(*) Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 agus Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22).;

(**) Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle an 20 Samhain 2009 lena mbunaítear córas rialaithe Aontais lena chinntiú go gcomhlíontar rialacha an chomhbheartais iascaigh, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 847/96, (CE) Uimh. 2371/2002, (CE) Uimh. 811/2004, (CE) Uimh. 768/2005, (CE) Uimh. 2115/2005, (CE) Uimh. 2166/2005, (CE) Uimh. 388/2006, (CE) Uimh. 509/2007, (CE) Uimh. 676/2007, (CE) Uimh. 1098/2007, (CE) Uimh. 1300/2008, (CE) Uimh. 1342/2008 agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 2847/93, (CE) Uimh. 1627/94 agus (CE) Uimh. 1966/2006 (IO L 343, 22.12.2009, lch. 1).";

(b) cuirtear na pointí seo a leanas leis:

“(e) ciallaíonn ‘limistéar maolánach’ crios atá mórthimpeall ar limistéar srianta iascaigh chun rochtain de thaisme air a sheachaint, rud a fheabhsaíonn an chosaint don limistéar mórthimpeall;

(f) Ciallaíonn ‘díriú ar dheargán’ gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanamh inarb ionann an méid deargán ar bord nó tugtha i dtír agus 20 % nó níos mó de bheomheáchan na gabhála éisc tar éis iad a shórtáil de réir taoide.”;

(3) Cuirtear isteach an Roinn seo a leanas i ndiaidh Airteagal 9:

“Roinn Ia

**Limistéir Shrianta Iascaigh chun Gnáthóga Bunriachtanacha Éisc agus Éiceachórais Leochaileacha Mhuirí a Chosaint**

*Airteagal 9a*

**Limistéir Shrianta Iascaigh i gCaolas na Sicile**

Déanfar iascaireacht le heangacha tráil ghrinnill a thoirmeasc sna limistéir seo a leanas:

(1) limistéar srianta iascaigh ‘Taobh Thoir de Bhanc na nEachtraí’ a léiríonn línte idir na comhordanáidí seo a leanas a theorainneacha:

— 37° 23,850′ T, 12° 30,072′ O

— 37° 23,884′ T, 12° 48,282′ O

— 37° 11,567′ T, 12° 48,305′ O

— 37° 11,532′ T, 12° 30,095′ O

(2) limistéar srianta iascaigh ‘Taobh Thiar d’Imchuach Gela’ a léiríonn línte idir na comhordanáidí seo a leanas a theorainneacha:

— 37° 12,040′ T, 13° 17,925′ O

— 37° 12,047′ T, 13° 36,170′ O

— 36° 59,725′ T, 13° 36,175′ O

— 36° 59,717′ T, 13° 17,930′ O

(3) limistéar srianta iascaigh ‘Taobh Thoir de Bhanc Mhálta’ a léiríonn línte idir na comhordanáidí seo a leanas a theorainneacha:

— 36° 12,621′ T, 15° 13,338′ O

— 36° 12,621′ T, 15° 26,062′ O

— 35° 59,344′ T, 15° 26,062′ O

— 35° 59,344′ T, 15° 13,338′ O.

*Airteagal 9b*

**Limistéir mhaolánacha i gCaolas na Sicile**

1. Bunófar limistéar maolánach timpeall an limistéir shrianta iascaigh ‘Taobh Thoir de Bhanc na nEachtraí’ dá dtagraítear in Airteagal 9a(1) agus a léireoidh línte idir na comhordanáidí seo a leanas a theorainneacha:

— 37° 24,849′ T, 12° 28,814′ O

— 37° 24,888′ T, 12° 49,536′ O

— 37° 10,567′ T, 12° 49,559′ O

— 37° 10,528′ T, 12° 28,845′ O

2. Bunófar limistéar maolánach timpeall an limistéir shrianta iascaigh 'Taobh Thiar d'Imchuach Gela' dá dtagraítear in Airteagal 9a(2) agus a léireoidh línte idir na comhordanáidí seo a leanas a theorainneacha:

— 37° 13,041′ T, 13° 16,672′ O

— 37° 13,049′ T, 13° 37,422′ O

— 36° 58,723′ T, 13° 37,424′ O

— 36° 58,715′ T, 13° 16,682′ O

3. Bunófar limistéar maolánach timpeall an limistéir shrianta iascaigh 'Taobh Thoir de Bhanc Mhálta' dá dtagraítear in Airteagal 9a(3) agus a léireoidh línte idir na comhordanáidí seo a leanas a theorainneacha:

— 36° 13,624′ T, 15° 12,102′ O

— 36° 13,624′ T, 15° 27,298′ O

— 35° 58,342′ T, 15° 27,294′ O

— 35° 58,342′ T, 15° 12,106′ O

4. Soithí a dhéanann gníomhaíochtaí iascaireachta le heangacha tráil ghrinnill sna limistéir mhaolánacha dá dtagraítear san Airteagal seo, déanfaidh siad minicíocht tarchuir iomchuí na gcomharthaí óna gcóras um fhaireachán soithí (VMS) a áirithiú. Soithí nach bhfuil feistithe le trasfhreagróir VMS agus arb é is aidhm dóibh iascaireacht a dhéanamh le heangacha tráil ghrinnill sna limistéir mhaolánacha, déanfar iad a fheistiú le córas geologánaithe chun gur féidir le húdaráis rialaithe a ngníomhaíochtaí a rianú.

*Airteagal 9c*

**Srianta iascaireachta i limistéar Jabuka/Pomo Pit i Muir Aidriad**

1. Déanfar iascaireacht áineasa agus iascaireacht le heangacha grinneallsocraithe, eangacha tráil ghrinnill, spiléir shocraithe agus gaistí a thoirmeasc i limistéar a léireoidh línte idir na comhordanáidí seo a leanas a theorainneacha:

— 43° 32,044′ T, 15° 16,501′ O

— 43° 05,452′ T, 14° 58,658′ O

— 43° 03,477′ T, 14° 54,982′ O

— 42° 50,450′ T, 15° 07,431′ O

— 42° 55,618′ T, 15° 18,194′ O

— 43° 17,436′ T, 15° 29,496′ O

— 43° 24,758′ T, 15° 33,215′ O

2. Ón 1 Meán Fómhair go dtí an 31 Deireadh Fómhair gach bliain, déanfar iascaireacht le heangacha grinneallsocraithe, eangacha tráil ghrinnill, spiléir shocraithe agus gaistí a thoirmeasc i limistéar a léireoidh línte idir na comhordanáidí seo a leanas a theorainneacha:

— 43° 03,477′ T, 14° 54,982′ O

— 42° 49,811′ T, 14° 29,550′ O

— 42° 35,205′ T, 14° 59,611′ O

— 42° 49,668′ T, 15° 05,802′ O

— 42° 50,450′ T, 15° 07,431′ O

3. Ón 1 Meán Fómhair go dtí an 31 Deireadh Fómhair gach bliain, déanfar iascaireacht le heangacha grinneallsocraithe, eangacha tráil ghrinnill, spiléir shocraithe agus gaistí a thoirmeasc i limistéar a léireoidh línte idir na comhordanáidí seo a leanas a theorainneacha:

— 43° 17,436′ T, 15° 29,496′ O

— 43° 24,758′ T, 15° 33,215′ O

— 43° 20,345′ T, 15° 47,012′ O

— 43° 18,150′ T, 15° 51,362′ O

— 43° 13,984′ T, 15° 55,232′ O

— 43° 12,873′ T, 15° 52,761′ O

— 43° 13,494′ T, 15° 40,040′ O.

*Airteagal 9d*

**Soithí údaraithe i limistéar Jabuka/Pomo Pit**

1. Gan dochar do mhír (2) agus do mhír (3) d'Airteagal 109c, ní cheadófar, sna limistéir dá dtagraítear sna míreanna sin, gníomhaíochtaí iascaireachta tráchtála le heangacha grinneallsocraithe, eangacha tráil ghrinnill, spiléir shocraithe agus gaistí ach amháin i gcás ina bhfuil údarú sonrach i seilbh an tsoithigh agus gur féidir leis a léiriú gur le fada atá gníomhaíochtaí iascaireachta á ndéanamh aige sna limistéir lena mbaineann.

2. Sa limistéar dá dtagraítear in Airteagal 9c(2), ní bheidh soithí iascaireachta údaraithe i dteideal iascaireacht a dhéanamh do thréimhse níos faide ná dhá lá iascaireachta in aghaidh na seachtaine. Soithí iascaireachta údaraithe a bhaineann úsáid as trealamh tráil otair dúbailte, ní bheidh siad i dteideal iascaireacht a dhéanamh do thréimhse níos faide ná lá amháin iascaireachta in aghaidh na seachtaine.

3. Sa limistéar dá dtagraítear in Airteagal 9c(3), ní bheidh soithí údaraithe a bhfuil eangacha tráil ghrinnill acu i dteideal iascaireacht a dhéanamh ach amháin Dé Sathairn agus Dé Domhnaigh idir 05.00 agus 22.00. Ní cheadófar do shoithí údaraithe atá ag iascaireacht le heangacha grinneallsocraithe, spiléir socraithe agus gaistí iascaireacht a dhéanamh ach amháin idir 05.00 Dé Luain agus 22.00 Déardaoin.

4. Na soithí atá údaraithe chun iascaireacht a dhéanamh sa limistéar dá dtagraítear in Airteagal 9c(2) agus (3) leis an trealamh dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, tabharfaidh a mBallstát údarú iascaireachta dóibh i gcomhréir le hAirteagal 7 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009.

5. Seolfaidh na Ballstáit chuig an gCoimisiún, tráth nach déanaí ná an 31 Márta gach bliain, liosta na soithí ar eisigh siad an t-údarú dá dtagraítear i mír 1 lena n-aghaidh. Cuirfidh an Coimisiún in iúl do Rúnaíocht CGIM, tráth nach déanaí ná an 30 Aibreáin gach bliain liosta na soithí údaraithe arna shocrú don bhliain dar gcionn. Beidh an fhaisnéis seo a leanas ar an liosta, i dtaca le gach soitheach:

(a) ainm an tsoithigh;

(b) uimhir chláir an tsoithigh;

(c) uimhir aitheantais uathúil CGIM (cód alfa ISO 3 tíre + 9 ndigit e.g. xxx000000001);

(d) an t-ainm a bhí air roimhe (más ann dó);

(e) an bhratach a bhí aige roimhe (más ann di);

(f) mionsonraí maidir le scriosadh ó chláir eile (más ann dóibh);

(g) comhartha aitheantais idirnáisiúnta raidió (más ann dó);

(h) cineál soithigh, fad foriomlán (LOA) agus olltonáiste (GT) agus/nó olltonáiste cláraithe (GRT);

(i) ainm agus seoladh an úinéara (na n-úinéirí) agus an oibritheora (na n-oibritheoirí);

(j) trealamh (trealaimh) is mó a úsáidtear chun iascaireacht a dhéanamh sa Limistéar Srianta Iascaigh;

(k) tréimhse shéasúrach údaraithe chun iascaireacht a dhéanamh sa Limistéar Srianta Iascaigh;

(l) líon na laethanta iascaireachta a bhfuil gach soitheach ina dteideal;

(m) calafort ainmnithe.

6. Ní thabharfaidh soithí iascaireachta údaraithe gabhálacha stoic ghrinnill i dtír ach amháin i gcalafoirt ainmnithe. Chun na críche sin, déanfaidh gach Ballstát lena mbaineann calafoirt a ainmniú ina n-údarófar gabhálacha éisc ó Limistéar Srianta Iascaigh Jabuka/Pomo Pit a thabhairt i dtír. Cuirfear liosta na gcalafort sin chuig Rúnaíocht CGIM agus chuig an gCoimisiún tráth nach déanaí ná an 30 Aibreán gach bliain.

7. Soithí iascaireachta údaraithe chun iascaireacht a dhéanamh sna limistéir dá dtagraítear in Airteagal 9c(2) agus (3) leis an trealamh dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, beidh a gcórais VMS agus/nó a gCórais Aitheanta Uathoibrithe (AIS) ag oibriú i gceart, agus déanfar na trealaimh iascaireachta atá ar bord nó atá in úsáid a shainaithint go cuí, agus cuirfear uimhreacha agus marcanna orthu sula dtabharfaidh siad faoi oibríocht iascaireachta nó faoi loingseoireacht sna limistéir sin.

8. Soithí iascaireachta atá feistithe gan údarú le heangacha grinneallsocraithe, eangacha tráil ghrinnill, spiléir shocraithe agus gaistí, ní cheadófar dóibh idirthuras a dhéanamh tríd an Limistéar Srianta Iascaigh ach amháin i gcás ina leanann siad cúrsa díreach faoi luas leanúnach nach lú ná 7 muirmhíle agus go mbeidh VMS agus/nó AIS gníomhaithe ar bord acu, agus fad agus nach ndéanann siad aon chineál gníomhaíochtaí iascaireachta.

*Airteagal 9e*

**Srianta spásúla/ama i Muir Alboran**

1. Agus an chomhairle eolaíoch atá ar fáil á cur san áireamh, féadfaidh Ballstáit srianta spásúla/ama a bhunú i Muir Alboran (folimistéir gheografacha CGIM 1, 2 agus 3, mar a shainítear in Iarscríbhinn I), lena gcuirfear toirmeasc nó srian ar ghníomhaíochtaí iascaireachta chun limistéir chomhbhailiúcháin de dheargáin óga nó de dheargáin sceite a chosaint.

2. Tabharfaidh na Ballstáit fógra do Rúnaíocht CGIM agus don Choimisiún faoi na limistéir agus na srianta a bheidh curtha i bhfeidhm acu tráth nach déanaí ná na 11 Eanáir 2020.";

(4) I gCaibidil I de Theideal II, cuirtear isteach an Roinn seo a leanas:

"Roinn III

**Cosc Ama i Murascaill Gabès**

*Airteagal 11a*

**Cosc Ama i Murascaill Gabès**

Ón 1 Iúil go dtí an 30 Meán Fómhair gach bliain, beidh toirmeasc ar iascaireacht le heangacha tráil ghrinnill idir an cósta agus iseabat 200 méadar ar domhain d'fholimistéar geografach 14 GCIM (Murascaill Gabès amhail dá dtagraítear in Iarscríbhinn I).";

(5) I dTeideal II, cuirtear isteach an Chaibidil seo a leanas:

"CAIBIDIL IIA

***Cosc ama sa Mhuir Dhubh***

*Airteagal 14a*

**Tréimhse choiscthe le linn shéasúr sceite an turbaird sa Mhuir Dhubh**

1. Le linn na tréimhse ó Aibreán go Meitheamh gach bliain, bunóidh gach Ballstát lena mbaineann tréimhse choiscthe de dhá mhí ar a laghad sa Mhuir Dhubh.

2. Féadfaidh na Ballstáit srianta spásúla/ama breise a ainmniú lena bhféadfar toirmeasc nó srianta a chur ar ghníomhaireachtaí iascaireachta chun limistéir chomhbhailiúcháin de thurbaird óga a chosaint.";

(6) Cuirtear isteach na hAirteagail seo a leanas:

"*Airteagal 16ca*

**Tréimhsí coiscthe réamhchúraim i ndáil le coiréalach dearg**

1. Nuair a bhainfear amach tairseach gabhála coiréalaigh dheirg dá dtagraítear i mír 2 agus mír 3, déanfaidh na Ballstáit an limistéar lena mbaineann a chosc ar bhonn sealadach ar iascach coiréalaigh dheirg.

2. Measfar an tairseach gabhála a bheith bainte amach nuair is mó líon na gcoilíneachtaí coiréalaigh dheirg ar lú a n-íostrastomhas ná 7mm, nuair is mó a líon sin ná 25 % den ghabháil iomlán a shaothrófar ar oitir coiréil dheirg ar leith i mbliain ar leith.

3. I gcásanna nár sainaithníodh oitreacha coiréil i gceart go fóill, beidh feidhm ag an tairseach gabhála agus an tréimhse choiscthe dá bhforáiltear i mír 1 ar leibhéal dhronuilleog staidrimh CGIM.

4. Ina gcinneadh lena mbunaítear tréimhse choiscthe dá dtagraítear i mír 1, saineoidh na Ballstáit an limistéar geografach lena mbaineann, an fad a mhairfidh an tréimhse choiscthe agus na coinníollacha lena rialaítear na hiascaigh sa limistéar sin le linn na tréimhse coiscthe.

5. Ballstáit a bhunóidh tréimhsí coiscthe, cuirfidh siad an méid sin in iúl do Rúnaíocht CGIM agus don Choimisiún gan mhoill.

*Airteagal 16cb*

**Tréimhsí coiscthe spásúla/ama**

Ballstáit atá ag saothrú coiréalach dearg go gníomhach, tabharfaidh siad isteach tréimhsí coiscthe breise chun coiréalach dearg a chosaint ar bhonn na comhairle eolaíche atá ar fáil agus tráth nach déanaí ná 11 Eanáir 2020.";

(7) I dTeideal II, cuirtear isteach an Chaibidil seo a leanas i ndiaidh Chaibidil IV:

"CAIBIDIL IVA

***Íosmhéid tagartha caomhnaithe d'fhíogaigh ghobacha na Mara Duibhe***

*Airteagal 16da*

**Íosmhéid tagartha caomhnaithe d'fhíogaigh ghobacha na Mara Duibhe**

Eiseamail fíogach gobach sa Mhuir Dhubh atá níos lú ná 90 cm, ní dhéanfar iad a choimeád ar bord, a thrasloingsiú, a thabhairt i dtír, a stóráil, a dhíol ná a chur ar taispeáint nó a thairiscint lena ndíol. Nuair a ghabhtar na heiseamail fíogach gobach sin de thaisme, cuirfear ar ais iad go pras gan ghortú agus iad fós beo, a mhéid is féidir. Cláróidh máistrí soithí iascaireachta taifead sa logleabhar ar ghabhálacha de thaisme, scaoileadh agus/ nó aschur fíogach gobach. Tabharfaidh na Ballstáit fógra faoin bhfaisnéis sin do CGIM agus don Choimisiún ina dtuairisciú bliantúil do LCS agus trí chreat um bailiú sonraí CGIM.";

(8) Cuirtear isteach an Teideal seo a leanas:

"TEIDEAL IIA

ACMHAINNEACHT IASCAIREACHTA AGUS DEISEANNA IASCAIREACHTA

*Airteagal 16m*

**Teorainneacha gabhála i ndáil le coiréalach dearg**

Féadfaidh gach Ballstát córas teorainneacha gabhála laethúla agus/nó bliantúla a bhunú i ndáil le coiréalach dearg sa Mheánmhuir.

*Airteagal 16n*

**Acmhainneacht an chabhlaigh iascaireachta nó iarracht iascaireachta i ndáil le deargán i Muir Alboran**

In 2020 ar a dhéanaí, déanfaidh na Ballstáit leibhéil acmhainneachta an chabhlaigh iascaireachta nó iarracht iascaireachta a choinneáil ar na leibhéil atá údaraithe agus curtha i bhfeidhm le blianta beaga anuas i ndáil le saothrú an deargáin i Muir Alboran (folimistéir gheografacha CGIM 1,2 agus 3, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I).";

(9) Scriostar Airteagal 17a;

(10) I dTeideal III, cuirtear isteach na Caibidlí seo a leanas:

"*CAIBIDIL III*

***Iascaigh coiréalaigh a rialú***

*Airteagal 22a*

**Údaruithe iascaireachta i ndáil le coiréalach dearg**

1. Soithí nó iascairí údaraithe chun coiréalach dearg a shaothrú sa Mheánmhuir, beidh údarú bailí iascaireachta acu, ina saineofar na coinníollacha teicniúla faoinar féidir iascach a dhéanamh.

2. I gcás nach ann d'údarú amhail dá dtagraítear i mír 1, beidh toirmeasc ar choiréalach dearg a shaothrú, a choimeád ar bord, a thrasloingsiú, a thabhairt i dtír, a aistriú, a stóráil, a dhíol nó a chur ar taispeáint nó a thairiscint lena dhíol.

3. Coinneoidh na Ballstáit clár cothrom le dáta d'údaruithe iascaireachta dá dtagraítear i mír 1 agus cuirfidh siad chuig an gCoimisiún, faoin 31 Márta gach bliain, liosta na soithí ar eisíodh na húdaruithe dá dtagraítear i mír 1 lena n-aghaidh. Cuirfidh an Coimisiún an liosta sin in iúl do Rúnaíocht CGIM tráth nach déanaí ná an 30 Aibreán gach bliain. Beidh an fhaisnéis seo a leanas, i dtaca le gach soitheach, ar an liosta:

(a) ainm an tsoithigh;

(b) uimhir chláir an tsoithigh (cód arna shannadh ag an bpáirtí conarthach);

(c) uimhir chlárúcháin CGIM (cód alfa ISO 3 tíre + 9 ndigit e.g. xxx000000001);

(d) calafort clárúcháin (ainm iomlán an chalafoirt);

(e) an t-ainm a bhí air roimhe (más ann dó);

(f) an bhratach a bhí aige roimhe (más ann di);

(g) mionsonraí maidir le scriosadh ó chláir eile (más ann dóibh);

(h) comhartha aitheantais idirnáisiúnta raidió (más ann dó);

(i) VMS nó trealamh eile maidir le geologánú soithigh a bheith ar bord (Tá/Níl);

(j) cineál soithigh, fad foriomlán (LOA) agus olltonáiste (GT) agus/nó olltonáiste cláraithe (GRT) agus cumhacht innill arna léiriú in kW;

(k) trealamh sábháilteachta agus slándála chun freastal ar bhreathnóir/ar bhreathnóirí ar bord (Tá/Níl);

(l) an tréimhse ama ina bhfuil iascaireacht coiréalaigh dheirg údaraithe;

(m) limistéar(limistéir) ina bhfuil iascaireacht coiréalaigh dheirg údaraithe: folimistéir gheografacha CGIM agus cealla ghreille staidrimh CGIM;

(n) rannpháirtíocht i gcláir taighde ar thionscain institiúidí eolaíochta náisiúnta/idirnáisiúnta (Tá/Níl; cuir tuairisc ghairid leis).

4. Ní mhéadóidh na Ballstáit líon na n-údaruithe iascaireachta go dtí go léireofar le comhairle eolaíoch riocht fhabhrach a bheith ar phobail na gcoiréalach dearg.

*Airteagal 22b*

**Gabhálacha a thaifeadadh i ndáil le coiréalach dearg**

1. Iascairí nó maistrí na soithí údaraithe chun coiréalach dearg a shaothrú, déanfaidh siad gabhálacha de réir beomheáchain, agus, más féidir, líon na gcoilíneachtaí a thaifeadadh, tar éis oibríochtaí iascaireachta nó, i gcás turas iascaireachta laethúil, tráth a thabharfar an ghabháil i dtír ar a dhéanaí.

2. Beidh logleabhar ar bord ag soithí iascaireachta atá údaraithe le coiréalach dearg a shaothrú ina ndéanfar na gabhálacha laethúla de choiréalach dearg a thaifeadadh, gan beann ar bheomheáchan na bainte, chomh maith le gníomhaíocht iascaireachta de réir limistéir agus doimhneachta, lena n-áirítear, más féidir, líon na laethanta iascaireachta agus tumthaí. Cuirfear an fhaisnéis sin chuig na húdaráis inniúla náisiúnta faoin spriocdháta a leagtar síos in Airteagal 14(6) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009.

*Airteagal 22c*

**Réamhfhógra a thabhairt i ndáil le coiréalach dearg**

Idir dhá agus ceithre uair an chloig roimh an am a mheastar a bhainfear an calafort amach, cuirfidh máistrí na soithí iascaireachta an fhaisnéis seo a leanas in iúl do na húdaráis ábhartha:

(a) an t-am a mheastar a bhainfear an calafort amach;

(b) uimhir aitheantais sheachtrach agus ainm an tsoithigh iascaireachta;

(c) meastachán ar an gcainníocht de réir beomheáchain agus más féidir, líon na gcoilíneachtaí coiréalaigh dheirg ar bord;

(d) faisnéis maidir leis an limistéar geografach inar tógadh an ghabháil.

*Airteagal 22d*

**Calafoirt ainmnithe i ndáil le coiréalach dearg**

Ní thabharfaidh iascairí údaraithe ná soithí iascaireachta údaraithe gabhálacha stoic ghrinnill i dtír ach amháin i gcalafoirt ainmnithe. Chun na críche sin, ainmneoidh gach Ballstát calafoirt ina bhfuil sé údaraithe coiréalach dearg a thabhairt i dtír agus cuirfidh sé liosta na gcalafort in iúl do Rúnaíocht CGIM agus don Choimisiún faoin 30 Aibreán gach bliain, seachas muna bhfuil aon athrú ar na calafoirt ainmnithe a cuireadh in iúl roimhe sin.

*Airteagal 22e*

**Gabhálacha a rialú i ndáil le coiréalach dearg**

Bunóidh gach Ballstát clár rialaithe bunaithe ar anailís riosca, go háirithe chun an tabhairt i dtír a fhíorú agus na logleabhair a bhailíochtú.

*Airteagal 22f*

**Trasloingsiú i ndáil le coiréalach dearg**

Toirmeascfar oibríochtaí trasloingsithe de choiréalach dearg ar muir.

*Airteagal 22g*

**Faisnéis Eolaíoch i ndáil le coiréalach dearg**

Na Ballstáit a bhfuil cabhlaigh iascaireachta acu atá ag díriú ar choiréalaigh dhearga, áiritheoidh siad go bhfuil meicníocht i bhfeidhm go cuí maidir le faireachán eolaíoch leordhóthanach a dhéanamh ar iascaigh agus gabhálacha d'fhonn a chur ar a chumas do choiste Comhairleach Eolaíoch CGIM faisnéis thuairisciúil agus comhairle a chur ar fáil ar na nithe seo a leanas ar a laghad:

(a) an iarracht iascaireachta a rinneadh (e.g. líon na dtumthaí iascaireachta in aghaidh na seachtaine) agus leibhéil ghabhála iomlána ar an leibhéal áitiúil, náisiúnta nó fornáisiúnta;

(b) na pointí tagartha caomhnaithe agus bainistíochta d'fhonn an plean bainistíochta réigiúnach a fheabhsú i gcomhréir leis an gcuspóir uastáirgeacht inbhuanaithe a tháirgeadh agus riosca íseal a bheith ann go gclisfidh na stoic éisc.

(c) iarmhairtí bitheolaíocha agus socheacnamaíocha na gcásanna bainistíochta malartacha, lena n-áirítear rialú ionchuir/aschuir agus/nó bearta teicniúla, arna moladh ag páirtithe conarthacha CGIM;

(d) tréimhsí coiscthe spásúla/ama féideartha chun inbhuanaitheacht iascaigh a chaomhnú.

*CAIBIDIL IV*

***Bearta Rialaithe A Bhaineann Le Folimistéir Gheografacha Áirithe CGIM***

Roinn I

**Iascaigh deargán i Muir Alboran a rialú**

*Airteagal 22h*

**Gabhálacha agus foghabhálacha laethúla deargán a thuairisciú**

Gan dochar d'Airteagal 14 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, bunóidh na Ballstáit sásra chun a áirithiú go ndéanfar na gabhálacha agus na foghabhálacha deargán tráchtála uile i Muir Alboran (folimistéir gheografacha CGIM 1, 2 agus 3 mar a shainmhínítear iad in Iarscríbhinn I) a thuairisciú gan beann ar bheomheáchan na gabhála. Maidir le hiascaigh áineasa déanfaidh na Ballstáit iarracht taifead a dhéanamh ar ghabhálacha an speicis sin nó meastóireachtaí a dhéanamh ina leith.

*Airteagal 22i*

**Údaruithe iascaireachta agus gníomhaíochtaí iascaireachta**

1. Bunóidh na Ballstáit clár de na soithí iascaireachta atá údaraithe cainníochtaí deargán arna ngabháil i Muir Alboran a iompar ar bord nó a thabhairt i dtír ar mó ná 20 % den ghabháil de réir beomheáchain iad tar éis iad a shórtáil de réir taoide. Déanfar an clár sin a chothabháil agus a nuashonrú.

2. Ní cheadófar do shoithí iascaireachta atá ag díriú ar dheargáin gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanamh ach amháin i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí iascaireachta sin luaite in údarú iascaireachta bailí a eiseoidh na húdaráis inniúla agus ina luafar na coinníollacha teicniúla faoina bhféadfar na gníomhaíochtaí sin a dhéanamh. Cuimseofar leis an údarú na sonraí a leagtar amach in Iarscríbhinn VIII.

3. Déanfaidh na Ballstáit an méid seo a leanas:

(a) a chur in iúl don Choimisiún, faoin 31 Eanáir gach bliain, liosta de na soithí oibríochtúla dár tugadh údarú don bhliain reatha nó don bhliain/do na blianta dar gcionn; cuirfidh an Coimisiún an liosta sin in iúl do Rúnaíocht CGIM faoi dheireadh mhí Feabhra gach bliain. Cuimseofar leis an liosta na sonraí a leagtar amach in Iarscríbhinn VIII.

(b) a chur in iúl don Choimisiún agus do Rúnaíocht CGIM, faoi dheireadh mhí na Samhna gach bliain, ón 30 Samhain 2018 ar aghaidh agus ar a laghad ón30 Samhain 2020, tuarascáil ar na gníomhaíochtaí iascaireachta arna ndéanamh ag na soithí dá dtagraítear in mír 1, i bhformáid chomhiomlánaithe, lena n-áirítear an fhaisnéis íosta seo a leanas:

   (i) líon na laethanta iascaireachta,

   (ii) limistéar an tsaothraithe, agus

   (iii) na gabhálacha deargán.

4. Déanfar VMS nó aon chóras geologánaithe a cheadaíonn do na húdaráis rialaithe rianú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí soithigh a fheistiú ar gach soitheach ar mó ná 12m a fhad foriomlán agus atá údaraithe chun díriú ar dheargáin.

*Airteagal 22j*

**Faireachán eolaíoch**

Déanfaidh na Ballstáit, a bhfuil a gcabhlaigh iascaireachta ag díriú ar dheargáin, a áirithiú go bhfuil sásra i bhfeidhm go cuí chun faireachán leormhaith a dhéanamh ar iascaigh agus gabhálacha d'fhonn a chur ar a chumas LCS faisnéis thuairisciúil agus comhairle a chur ar fáil maidir leis na nithe seo a leanas ar a laghad:

(a) tréithe an trealaimh iascaireachta, *inter alia*, fad uasta an spiléir agus na líonta seasmhacha agus líon, cineál agus méid na nduán;

(b) an iarracht iascaireachta a cuireadh i gcríoch (e.g. líon na laethanta iascaireachta in aghaidh na seachtaine) agus leibhéil ghabhála iomlána na gcabhlach iascaireachta tráchtála; ba cheart meastachán ar ghabhálacha na n-iascach áineasa a chur ar fáil freisin;

(c) na pointí tagartha caomhnaithe agus bainistithe d'fhonn pleananna bainistíochta ilbhliantúla a bhunú d'iascaigh inbhuanaithe i gcomhréir le cuspóir na huastáirgeachta inbhuanaithe a bhaint amach agus riosca íseal a bheith ann go gclisfidh ar na stoic éisc.

(d) éifeachtaí socheacnamaíocha na gcásanna bainistithe malartacha, lena n-áirítear rialú ionchuir/aschuir agus/nó bearta teicniúla, arna sainaithint ag CGIM agus/nó ag na páirtithe conarthacha;

(e) tréimhsí coiscthe spásúla/ama féideartha chun inbhuanaitheacht iascaigh a chaomhnú;

(f) an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag iascaigh áineasa ar stádas an stoic/na stoc deargán.

Roinn II

**caolas na sicile**

*Airteagal 22k*

**Údaruithe d'iascaigh trálaeireachta grinnill ar stoic ghrinnill i gCaolas na Sicile**

1. Ní cheadófar do shoithí trálaeireachta grinnill atá ag díriú ar stoic ghrinnill i gCaolas na Sicile (folimistéir gheografacha CGIM 12, 13, 14, 15 agus 16, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I), ach gníomhaíochtaí iascaireachta sonracha a dhéanamh mar a shonrófar in údarú iascaireachta bailí a eiseoidh na húdaráis inniúla agus ina sonrófar na coinníollacha teicniúla faoina ndéanfar na gníomhaíochtaí sin.

2. Cuimseofar san údarú iascaireachta dá dtagraítear i mír 1, maille leis na sonraí a shainítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/218 ón gCoimisiún (*), na sonraí seo a leanas:

(a) uimhir chlárúcháin CGIM;

(b) an t-ainm a bhí air roimhe (más ann dó);

(c) an bhratach a bhí aige roimhe (más ann di);

(d) mionsonraí maidir le scriosadh ó chláir eile roimhe (más ann dóibh);

3. Seolfaidh na Ballstáit chuig an gCoimisiún faoin 31 Deireadh Fómhair gach bliain liosta na soithí ar eisigh siad an t-údarú dá dtagraítear i mír 1 lena n-aghaidh. Cuirfidh an Coimisiún an liosta sin in iúl don chomhlacht arna ainmniú aige agus do Rúnaíocht CGIM tráth nach déanaí ná an 30 Samhain i ngach bliain.

4. Déanfaidh na Ballstáit a chur in iúl don Choimisiún agus do Rúnaíocht CGIM, tráth nach déanaí ná an 31 Lúnasa gach bliain, i bhformáid chomhiomlánaithe, tuarascáil ar na gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanann na soithí dá dtagraítear in mír 1, lena n-áirítear an fhaisnéis íosta seo a leanas:

(i) líon na laethanta iascaireachta;

(ii) limistéar an tsaothraithe; agus

(iii) gabhálacha colmóra agus rós-séacla domhainmhara.

*Airteagal 22l*

**Calafoirt ainmnithe**

1. Ainmneoidh gach Ballstát calafoirt tabhairt i dtír, ina bhféadfar colmóirí agus rós-séaclaí domhainmhara a ghabhtar i gCaolas na Sicile a thabhairt i dtír, i gcomhréir le hAirteagal 43(5) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009. Tarchuirfidh na Ballstáit liosta de na calafoirt ainmnithe tabhairt i dtír chuig Rúnaíocht CGIM agus chuig an gCoimisiún tráth nach déanaí ná an 30 Samhain 2018. Aon athrú a dhéanfar ar an liosta sin ina dhiaidh sin, cuirfear fógra ina leith go pras chuig Rúnaíocht CGIM agus chuig an gCoimisiún.

2. Beidh toirmeasc ar aon chainníocht colmóra agus rós-séacla domhainmhara a ghabhtar i gCaolas na Sicile a thabhairt i dtír nó a thrasloingsiú ó shoithí iascaireachta in aon áit seachas sna calafoirt tabhairt i dtír arna n-ainmniú ag na Ballstáit.

*Airteagal 22m*

**Scéim Cigireachta agus Faireachais Chomhpháirteach Idirnáisiúnta i gCaolas na Sicile**

1. Féadfaidh na Ballstáit gníomhaíochtaí cigireachta agus faireachais faoi réir Scéim Cigireachta agus Faireachais Chomhpháirteach Idirnáisiúnta ("an Scéim") lena gcumhdaítear uiscí atá lasmuigh de dhlínse náisiúnta i bhfolimistéir gheografacha CGIM 12, 13, 14, 15 agus 16, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I ("an limistéar cigireachta agus faireachais").

2. Féadfaidh na Ballstáit cigirí agus modhanna cigireachta a shannadh agus féadfaidh siad cigireachtaí a dhéanamh faoin Scéim. Féadfaidh an Coimisiún nó comhlacht arna ainmniú aige cigirí de chuid an Aontais a shannadh freisin don Scéim.

3. Comhordóidh an Coimisiún nó comhlacht arna ainmniú aige na gníomhaíochtaí faireachais agus cigireachta don Aontas agus féadfaidh sé, i gcomhar leis na Ballstáit lena mbaineann, plean comhpháirteach imscartha a tharraingt suas chun a chur ar chumas an Aontais a oibleagáid faoin Scéim a chomhlíonadh. Glacfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun cur i bhfeidhm na bpleananna sin a éascú, go háirithe maidir leis na hacmhainní daonna agus ábhair is gá agus maidir leis na tréimhsí agus na limistéir gheografacha ina n-úsáidfear na hacmhainní sin.

4. Tabharfaidh gach Ballstát, tráth nach déanaí ná an 31 Deireadh Fómhair gach bliain, fógra don Choimisiún nó do chomhlacht arna ainmniú aige faoi liosta ainmneacha na gcigirí atá údaraithe cigireacht agus faireachas a dhéanamh sa limistéar dá dtagraítear i mír 1, mar aon le hainmneacha na soithí agus na n-aerárthaí a úsáidtear le haghaidh cigireachta agus faireachais a bhfuil sé beartaithe acu iad a shannadh don Scéim don bhliain dar gcionn. Seolfaidh an Coimisiún nó comhlacht arna ainmniú aige an fhaisnéis sin ar aghaidh chuig Rúnaíocht CGIM faoin 1 Nollaig gach bliain nó a luaithe is féidir sula gcuirfear tús le gníomhaíochtaí cigireachta.

5. Beidh i seilbh chigirí atá sannta don Scéim cárta cigire CGIM arna eisiúint ag na húdaráis inniúla, a bheidh san fhoirm a leagtar amach in Iarscríbhinn IV.

6. Beidh bratach nó bratainn speisialta, mar a thuairiscítear in Iarscríbhinn V, ar foluain ar shoithí agus dualgais bhordála agus chigireachta á ndéanamh acu.

7. Áiritheoidh gach Ballstát go ndéanfaidh gach ardán cigireachta atá i dteideal a bhratach a chur ar foluain agus atá ag oibriú sa limistéar dá dtagraítear i mír 1 teagmháil shábháilte, go laethúil nuair is féidir, le gach ardán cigireachta eile atá ag feidhmiú sa limistéar sin chun an fhaisnéis is gá le haghaidh comhordú gníomhaíochtaí a mhalartú.

8. Tabharfaidh gach Ballstát, a bhfuil láithreacht aige sa limistéar chun cigireacht nó faireachas a dhéanamh dá dtagraítear i mír 1, liosta amharc a bhunaítear i gcomhréir le hIarscríbhinn VII, liosta bordála agus liosta cigireachtaí a rinne sé sa tréimhse 10 lá roimhe sin, lena n-áirítear dátaí, comhordanáidí agus aon fhaisnéis ábhartha eile, do gach ardán cigireachta ar theacht isteach sa limistéar sin dó.

*Airteagal 22n*

**Cigireachtaí a dhéanamh**

1. Déanfaidh cigirí atá sannta don Scéim an méid seo a leanas:

(a) fógra a thabhairt don soitheach iascaireachta roimh bhordáil dóibh faoi ainm an tsoithigh chigireachta;

(b) an bhratainn a bhfuil tuairisc uirthi in Iarscríbhinn V a chur ar taispeáint ar an soitheach cigireachta agus ar an soitheach bordála;

(c) gach foireann cigireachta a laghdú go triúr cigirí ar a mhéad.

2. Ag dul ar bord an tsoithigh dóibh, taispeánfaidh na cigirí an cárta aitheantais a bhfuil tuairisc uirthi in Iarscríbhinn IV do mháistir an tsoithigh iascaireachta. Déanfar cigireachtaí i gceann de theangacha oifigiúla CGIM agus, i gcás inar féidir, sa teanga a labhraíonn máistir an tsoithigh iascaireachta.

3. Tarraingeoidh cigirí suas tuarascáil ar an gcigireacht san fhormáid a leagtar amach in Iarscríbhinn VI.

4. Síneoidh cigirí an tuarascáil i láthair mháistir an tsoithigh agus beidh an máistir sin i dteideal aon bharúlacha a chur leis an tuarascáil a mheasann sé a bheith oiriúnach agus ní mór dó na barúlacha sin a shíniú freisin.

5. Tabharfar cóipeanna den tuarascáil do mháistir an tsoithigh agus d'údaráis na buíne cigireachta, agus seolfaidh siad cóipeanna chuig údaráis Stát brataí an tsoithigh ar a ndearnadh cigireacht agus chuig an gCoimisiún agus/nó chuig comhlacht arna ainmniú aige. Cuirfidh an Coimisiún an chóip ar aghaidh chuig Rúnaíocht CGIM.

6. Déanfaidh oifigeach ceannais an tsoithigh chigireachta méid na buíne cigireachta agus tréimhse na cigireachta a shocrú agus na cúinsí ábhartha uile á gcur san áireamh aige.

*Airteagal 22o*

**Sáruithe**

1. Chun críocha an Airteagail seo, measfar gur sáruithe iad na gníomhaíochtaí seo a leanas:

(a) na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i bpointí (a), (b), (c), (e), (f), (g) agus (h) d'Airteagal 3(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008;

(b) cur isteach ar chóras faireacháin satailíte; agus

(c) oibriú gan VMS.

2. I gcás ina ndéantar aon bhordáil nó cigireacht ar shoitheach iascaireachta agus ina mbraitheann na cigirí sárú lena linn sin, cuirfidh údaráis Bhallstát brataí an tsoithigh cigireachta an Coimisiún nó comhlacht arna ainmniú aige ar an eolas faoi láithreach, agus tabharfaidh siad siúd fógra do Bhallstát brataí an tsoithigh iascaireachta ar a ndearnadh cigireacht go díreach agus trí bhíthin Rúnaíocht CGIM. Cuirfidh siad aon long chigireachta ó Bhallstát brataí an tsoithigh iascaireachta a thuigtear a bheith sa cheantar ar an eolas freisin.

3. Tar éis cigireacht ina mbraitear sárú lena linn, áiritheoidh Ballstát brataí an tsoithigh go gcuirfidh an soitheach iascaireachta ábhartha stop le gach gníomhaíocht iascaireachta. Ceanglóidh an Ballstát brataí ar an soitheach iascaireachta dul chuig calafort arna ainmniú aige laistigh de 72 uair an chloig, áit a gcuirfear tús le himscrúdú.

4. I gcás ina mbeidh sárú braite le linn cigireachta, déanfar na bearta agus an obair leantach a dhéanann an Ballstát brataí a fhógairt don Choimisiún nó don chomhlacht arna ainmniú aige. Cuirfidh an Coimisiún nó comhlacht arna ainmniú aige an beart agus an obair leantach a dhéanfar ar aghaidh chuig Rúnaíocht CGIM.

5. Gníomhóidh údaráis na mBallstát ar bhonn tuarascálacha cigireachta, dá dtagraítear in Airteagal 22n(3), agus, ar an gcaoi chéanna, ar bhonn ráiteas a thagann as cigireachtaí doiciméadacha ó chigirí agus iad ag déanamh beart ar bhonn tuarascálacha agus ráiteas ó chigirí náisiúnta.

Roinn III

**An Mhuir Dhubh**

*Airteagal 22p*

**Bearta chun iascaireacht NNN in iascaigh turbard sa Mhuir Dhubh a chosc, a dhíspreagadh agus a dhíothú**

1. Faoin 20 Eanáir gach bliain, cuirfidh gach Ballstát ar aghaidh chuig an gCoimisiún, tríd an ngnáthmheán próiseála sonraí, liosta na soithí a úsáideann eangacha geolbhaigh grinneallsocraithe chun iascach a dhéanamh ar thurbaird sa Mhuir Dhubh (folimistéar geografach CGIM 29 mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I). Faoin 31 Eanáir gach bliain, cuirfidh an Coimisiún an liosta sin chuig Rúnaíocht CGIM.

2. Áireofar sa liosta a luaitear i mír 1, maille leis na sonraí a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/218, na sonraí seo a leanas:

(a) uimhir chlárúcháin CGIM;

(b) an t-ainm a bhí air roimhe (más ann dó);

(c) an bhratach a bhí aige roimhe (más ann di);

(d) mionsonraí maidir le scriosadh ó chláir eile (más ann dóibh);

(e) príomhspeicis a bhfuiltear ag díriú orthu;

(f) an príomhthrealamh/na príomhthrealaimh a úsáidtear do thurbaird, do chuid chabhlaigh agus d'aonad oibríochtúil mar a mhínítear i maitrís staidrimh Thasc 1 a leagtar amach i Roinn C d'Iarscríbhinn III;

(g) an tréimhse ama údaraithe maidir le hiascaireacht a dhéanamh le heangach geolbhaigh nó le haon trealamh eile lena bhféadfaí iascaireacht a dhéanamh ar thurbaird (más ann d'údarú den chineál sin).

3. Arna iarraidh sin ag CGIM, déanfaidh na Ballstáit faisnéis a thuairisciú faoi na soithí iascaireachta atá údaraithe chun gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanamh thar thréimhse ar leith. Tuairisceoidh na Ballstáit, go háirithe, ainmneacha na soithí iascaireachta lena mbaineann, a n-uimhir aitheantais sheachtrach agus na deiseanna iascaireachta a rinneadh a leithdháileadh ar gach ceann acu.

4. Baileoidh údaráis inniúla an Bhallstáit chósta eangacha geolbhaigh tréigthe nach bhfuil marcáilte a úsáideadh in iascaigh turbard agus a aimsíodh ar muir. Ina dhiaidh sin, déanfar na heangacha sin a ghabháil go dtí go ndéanfar an t-úinéir a shainaithint go cuí nó déanfar na heangacha sin a scriosadh mura féidir an t-úinéir a shainaithint.

5. Ainmneoidh gach Ballstát lena mbaineann láithreacha tabhairt i dtír, ina ndéanfar turbaird a ghabhfar sa Mhuir Dhubh a thabhairt i dtír nó a thrasloingsiú, i gcomhréir le hAirteagal 43(5) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009. Cuirfear liosta de na láithreacha sin chuig Rúnaíocht CGIM agus chuig an gCoimisiún tráth nach déanaí ná an 30 Samhain gach bliain.

6. Beidh toirmeasc ar aon chainníocht turbard a ghabhfar sa Mhuir Dhubh a thabhairt i dtír nó a thrasloingsiú in aon áit eile cé is moite de na láithreacha tabhairt i dtír dá dtagraítear i mír 5.

*Airteagal 22q*

**Pleananna faireacháin, rialaithe agus faireachais náisiúnta d'iascaigh turbard sa Mhuir Dhubh**

1. Bunóidh na Ballstáit pleananna faireacháin, rialaithe agus faireachais náisiúnta ("pleananna náisiúnta") chun forálacha Airteagal 22p a chur chun feidhme trína áirithiú, *inter alia*, go ndéanfar faireachán agus taifeadadh beacht cuí ar na gabhálacha míosúla agus/nó ar an iarracht iascaireachta a rinneadh.

2. Beidh na gnéithe seo a leanas sna pleananna náisiúnta:

(a) sainmhíniú soiléir ar na modhanna rialaithe, ina bhfuil cur síos ar na modhanna daonna, teicniúla agus airgeadais atá ar fáil go sonrach chun na pleananna náisiúnta a chur chun feidhme;

(b) sainmhíniú soiléir ar an straitéis chigireachta (lena n-áirítear prótacail chigireachta), lena ndíreofar ar shoithí iascaireachta ar dócha go ngabhfaidh siad turbaird agus speicis ghaolmhara;

(c) pleananna gníomhaíochta maidir le margaí agus iompar a rialú;

(d) sainmhíniú ar dhualgais agus nósanna imeachta cigireachta, lena n-áirítear an straitéis samplála a chuirfear i bhfeidhm chun gabhálacha a mheá tráth a dhéanfar an chéad díol agus an straitéis samplála do shoithí nach bhfuil faoi réir rialacha dearbhaithe logleabhair/tabhairt i dtír;

(e) treoirlínte mínitheacha do chigirí, eagraíochtaí tairgeoirí agus iascairí i dtaca leis na sraitheanna rialacha atá i bhfeidhm maidir le hiascaigh ar dócha go ngabhfar turbaird iontu, lena n-áirítear:

(i) rialacha maidir le doiciméid a chomhlánú, lena n-áirítear tuarascálacha cigireachta, logleabhair iascaireachta, dearbhuithe ar thrasloingsiú, dearbhuithe ar na gabhálacha a thabhairt i dtír agus a ghlacadh, doiciméid maidir le hiompar agus nótaí maidir le díolacháin;

(ii) bearta teicniúla atá i bhfeidhm, lena n-áirítear mogallmhéid agus nó toisí mogaill, íosmhéid gabhála, srianta sealadacha;

(iii) straitéisí samplála,

(iv) sásraí cros-seiceála.

(f) oiliúint cigirí náisiúnta d'fhonn na cúraimí dá dtagraítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo a chur i gcrích.

3. Faoin 20 Eanáir gach bliain, cuirfidh na Ballstáit in iúl don Choimisiún nó do chomhlacht arna ainmniú aige na pleananna náisiúnta. Cuirfidh an Coimisiún nó comhlacht arna ainmniú aige na pleananna sin ar aghaidh chuig Rúnaíocht CGIM faoin 31 Eanáir gach bliain.

*Airteagal 22r*

**Faireachán eolaíoch ar iascaigh turbard sa Mhuir Dhubh**

Cuirfidh na Ballstáit aon fhaisnéis bhreise a thacódh leis an bhfaireachán eolaíoch ar iascaigh turbard sa Mhuir Dhubh chuig an gCoiste Comhairleach Eolaíoch maidir le hIascaigh (SAC) agus chuig an gCoimisiún, tráth nach déanaí ná an 30 Samhain gach bliain.

---

(*) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/218 ón gCoimisiún an 6 Feabhra 2017 maidir le clár cabhlaigh iascaireachta an Aontais (IO L 34, 9.2.2017, lch. 9).";

(11) Leasaítear Airteagal 23a mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

"(a) na sonraí maidir le coiréalach dearg dá dtagraítear in Airteagal 22b; agus";

(b) cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

"8. Cuirfidh gach Ballstát tuarascáil mhionsonraithe ar a ngníomhaíochtaí iascaireachta i ndáil le coiréalach dearg chuig Rúnaíocht CGIM agus chuig an gCoimisiún faoin 30 Meitheamh gach bliain. Beidh sa tuarascáil sin faisnéis ar ghabhálacha iomlána agus limistéir shaothraithe ar a laghad, agus más féidir, ar an líon tumthaí agus an meánghabháil in aghaidh an tumtha.";

(12) Cuirtear Iarscríbhinní IV, V, VI, VII agus VIII isteach mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil an 5 Meitheamh 2019.

| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
|---|---|
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |
| A. TAJANI | G. CIAMBA |

*IARSCRÍBHINN*

Cuirtear isteach na hIarscríbhinní seo a leanas i Rialachán (AE) Uimh. 1343/2011:


*"IARSCRÍBHINN IV*

**SAMHAIL DE CHÁRTA AITHEANTAIS DO CHIGIRÍ CGIM**

<table>
<tr><td colspan="3">An Coimisiún Ginearálta Iascaigh don Mheánmhuir</td><td></td><td>CGIM</td></tr>
<tr><td></td><td colspan="2">CGIM</td><td colspan="2" rowspan="4">Tá sealbhóir an chárta aitheantais cigire ina chigire CGIM atá ceaptha go hiomchuí de réir théarmaí Scéim Cigireachta agus Faireachais Chomhpháirteach an Choimisiúin Ghinearálta Iascaigh don Mheánmhuir (CGIM) agus tá an chumhacht aige gníomhú i gcomhréir le forálacha rialacha CGIM.</td></tr>
<tr><td colspan="3">CÁRTA AITHEANTAIS CIGIRE</td></tr>
<tr><td rowspan="4">Grianghraf</td><td colspan="2">Páirtí Conarthach</td></tr>
<tr><td colspan="2">Ainm an Chigire:</td></tr>
<tr><td colspan="2">Uimh. Chárta</td><td rowspan="2">……………………………………<br>Údarás Eisiúna</td><td rowspan="2">……………………………………<br>Cigire</td></tr>
<tr><td>Dáta eisiúna:</td><td>Bailí go ceann cúig bliana</td></tr>
</table>

*IARSCRÍBHINN V*

**SAMHAIL DE BHRATAINN CIGIREACHTA CGIM**



*IARSCRÍBHINN VI*

**TUARASCÁIL CHIGIREACHTA CGIM**

1. CIGIRE/CIGIRÍ

Ainm ................................ Páirtí Conarthach ................................ Uimhir Chárta Aitheantais CGIM ................................

Ainm ................................ Páirtí Conarthach ................................ Uimhir Chárta Aitheantais CGIM ................................

Ainm ................................ Páirtí Conarthach ................................ Uimhir Chárta Aitheantais CGIM ................................

2. SOITHEACH INA BHFUIL AN CIGIRE Á IOMPAR/ NA CIGIRÍ Á nIOMPAR

2.1 Ainm agus Clárúchán ........................................................................................................................................

2.2 Bratach ........................................................................................................................................

3. FAISNÉIS MAIDIR LEIS AN SOITHEACH A NDEARNADH CIGIREACHT AIR

3.1 Ainm agus Clárúchán ........................................................................................................................................

3.2 Bratach ........................................................................................................................................

3.3 Captaen (Ainm agus Seoladh) ........................................................................................................................................

3.4 Úinéir an tsoithigh (Ainm agus Seoladh) ........................................................................................................................................

3.5 Uimhir Thaifid CGIM ........................................................................................................................................

3.6 Cineál soithigh ........................................................................................................................................

4. SUÍOMH

4.1 Suíomh an tsoithigh arna chinneadh ag máistir an tsoithigh cigireachta ar ................................................................ AUL; Domhanleithead ................................................................ Domhanfhad ................................................................

4.2 Suíomh arna chinneadh ag máistir an tsoithigh iascaireachta ag ................................................................ AUL; Domhanleithead ................................................................ Domhanfhad ................................................................

5. DÁTA AGUS AM TOSAITHE AGUS AM CRÍOCHNAITHE NA CIGIREACHTA

5.1 Dáta .................................. Am dul ar bord .................................. AUL - Am Imeachta .................................. AUL

6. CINEÁL TREALAIMH IASCAIREACHTA AR BORD

| | |
|---|---|
| Trál otair grinnill – OTB | |
| Trál otair meánuisce – OTM | |
| Tráil séaclaí – TBS | |
| Peaslíon saighne – PS | |
| Eangacha geolbhaigh ar ancaire (socraithe) – GNS | |
| Spiléir shocraithe – LLS | |
| Trealamh áineasa – RG | |
| Cineál eile (Sonraigh): | |

7. MOGALLTOMHAIS – I MILLMÉADAIR

7.1 Mogallmhéid dleathach atá le húsáid: ........................................................................................................................................ mm

7.2 Toradh an tomhais ar an meán-mhogallmhéid: .......................................................................................................... mm

7.3 Sárú: TÁ ☐ - NÍL ☐ ........................................................................................................................ I gcás TÁ, an tagairt dlí:

8. CIGIREACHTAÍ AR GHABHÁLACHA AR BORD

8.1 Toradh na cigireachta ar na héisc ar bord

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| SPEICIS<br>(Cód trí alfa EBT) | | | | | | |
| Iomlán (Kg) | | | | | | |
| Cur i láthair | | | | | | |
| An sampla a ndearnadh cigireacht air | | | | | | |
| % iasc atá róbheag | | | | | | |

8.2 Sárú: TÁ ☐ - NÍL ☐ ........................................................................................................................ I gcás TÁ, an tagairt dlí:

9. CIGIREACHT AR DHOICIMÉID AR BORD AGUS AR VMS

9.1 Logleabhar iascaireachta: TÁ ☐ - NÍL ☐

9.2 Sárú: TÁ ☐ - NÍL ☐ ........................................................................................................................ I gcás TÁ, an tagairt dlí:

9.3 Ceadúnas iascaireachta: TÁ ☐ - NÍL ☐

9.4 Sárú: TÁ ☐ - NÍL ☐ ........................................................................................................................ I gcás TÁ, an tagairt dlí:

9.5 Údarú sonrach: TÁ ☐ - NÍL ☐

9.6 Sárú: TÁ ☐ - NÍL ☐ ........................................................................................................................ I gcás TÁ, an tagairt dlí:

9.7 VMS: TÁ ☐ - NÍL ☐ ..........................................................................................................i bhfeidhm: TÁ ☐ - NÍL ☐

9.8 Sárú: TÁ ☐ - NÍL ☐ ........................................................................................................................ I gcás TÁ, an tagairt dlí:

10. LIOSTA SÁRUITHE

☐ Iascaireacht a dhéanamh gan cheadúnas, cead nó údarú arna eisiúint ag CPC na brataí – tagairt dlí:

☐ Mainneachtain taifid leordhóthanacha a choimeád ar ghabhálacha agus sonraí a bhaineann le gabhálacha i gcomhréir le ceanglais tuairiscithe CGIM nó míthuairisciú suntasach ar ghabháil agus/nó sonraí a bhaineann le gabháil den chineál sin – tagairt dlí:

☐ Iascaireacht a dhéanamh i limistéar coiscthe – tagairt dlí:;

☐ Iascaireacht a dhéanamh le linn séasúr coiscthe – tagairt dlí:

☐ Úsáid trealaimh thoirmiscthe – tagairt dlí:

☐ Marcálacha, céannacht nó clárú soithigh iascaireachta a fhalsú nó a cheilt d'aon ghnó – tagairt dlí:

☐ Fianaise maidir le himscrúdú ar shárú a cheilt nó a dhiúscairt nó baint di – tagairt dlí:

☐ Iliomad sáruithe ar neamhaird thromchúiseach iad ar bhearta i bhfeidhm de bhun CGIM nuair a chuirtear le chéile iad;

☐ Ionsaí, imeaglú, nó ciapadh gnéis a dhéanamh ar chigire údaraithe, nó cur ina aghaidh nó cur isteach air, nó bac nó moill a chur air gan cúis iomchuí;

☐ Cur isteach ar an gcóras faireacháin satailíte agus/nó ag oibriú gan córas VMS – tagairt dlí:

11. LIOSTA NA NDOICIMÉAD ARNA GCÓIPEÁIL AR BORD

……………………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………………………

12. BARÚLACHA AGUS SÍNIÚ MHÁISTIR AN TSOITHIGH

……………………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………………………

Síniú an mháistir: ………………………………………………………………………………

13. BARÚLACHA AGUS SÍNIÚ AN CHIGIRE/SÍNITHE NA GCIGIRÍ

……………………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………………………

Síniú an Chigire/sínithe na gCigirí: ……………………………………………………………

*IARSCRÍBHINN VII*

**TUARASCÁIL AMHAIRC CGIM**

1 Dáta na n-amharc: ……/……/…… Am: ........................................ AUL

2. Suíomh an tsoithigh a chonacthas:

Domhanleithead ........................................ - Domhanfhad ........................................

3. Cúrsa: ........................................ – Luas ........................................

4. Ainm an tsoithigh a chonacthas:

5. Bratach an tsoithigh a chonacthas:

6. Uimhir/marcáil sheachtrach:

7. Cineál soithigh

☐ Soitheach iascaireachta

☐ Soitheach iompair

☐ Soitheach-reoiteoir

☐ Cineál eile (sonraigh)

8. Comhartha Aitheantais Idirnáisiúnta Raidió:

9. Uimhir IMO (i gcás inarb iomchuí):

10. Gníomhaíocht(aí):

☐ Iascaireacht

☐ Gluaiseacht

☐ Imeacht le sruth

☐ Trasloingsiú

11. Teagmháil raidió ☐ TÁ - ☐ NÍL

12. Ainm agus náisiúntacht chaptaen an tsoithigh a chonacthas: ........................................

13. An líon daoine ar bord an tsoithigh a chonacthas: ........................................

14. Gabhálacha ar bord an tsoithigh a chonacthas: ........................................

15. An fhaisnéis arna bailiú ag:

Ainm an chigire:

Páirtí Conarthach:

Uimhir Chárta Aitheantais CGIM:

Ainm an tsoithigh patróil:

*IARSCRÍBHINN VIII*

**SONRAÍ ATÁ LE CUR ISTEACH I LIOSTA NA SOITHÍ ATÁ AG DÍRIÚ AR DHEARGÁN**

Beidh an fhaisnéis seo a leanas, i dtaca le gach soitheach, sa liosta dá dtagraítear in Airteagal 22i:

— Ainm an tsoithigh

— Uimhir chláir an tsoithigh (cód arna shannadh ag CPCanna)

— Uimhir chlárúcháin CGIM (cód alfa ISO 3 tíre + 9 ndigit e.g. xxx000000001)

— Calafort clárúcháin (ainm iomlán an chalafoirt)

— Ainm a bhí air roimhe (más ann dó)

— Bratach a bhí aige roimhe seo (más ann di)

— Mionsonraí maidir le scriosadh ó chláir eile (más ann dóibh)

— Comhartha aitheantais idirnáisiúnta raidió (más ann dó)

— VMS (luaigh Tá/Níl)

— Cineál soithigh, fad foriomlán (LOA) agus olltonáiste (GT) agus/nó olltonáiste cláraithe (GRT) agus cumhacht innill arna léiriú in kW

— Ainm agus seoladh an úinéara (na n-úinéirí) agus an oibritheora (na n-oibritheoirí);

— An príomhthrealamh/na príomhthrealaimh a úsáidtear chun deargáin a iascach agus leithdháileadh cuid chabhlaigh agus aonad oibríochtúil mar a mhínítear sa Chreat Tagartha um Bailiú Sonraí.

— Tréimhse shéasúrach údaraithe chun deargán a iascach”.

# TREORACHA

## TREOIR (AE) 2019/983 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**an 5 Meitheamh 2019**

**lena leasaítear Treoir 2004/37/CE maidir le hoibrithe a chosaint ar na rioscaí a bhaineann le nochtadh do charcanaiginí nó do shó-ghineacha ag an obair**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe pointe (b) d'Airteagal 153(2), i gcomhar le pointe (a) d'Airteagal 153(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ([1]),

Tar éis dóibh dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ([2]),

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is freagracht agus gealltanas comhroinnte polaitiúil é an gealltanas faoi Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta ([3]), arna fhógairt ag Parlaimint na hEorpa, ag an gComhairle agus ag an gCoimisiún ag an gCruinniú Mullaigh Sóisialta do Phoist Chóra agus d'Fhás in Göteborg an 17 Samhain 2017, a chomhlíonadh. Foráiltear le Prionsabal 10 de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta go bhfuil an ceart ag oibrithe chun timpeallacht oibre atá folláin, sábháilte agus curtha in oiriúint i gceart. Maidir leis an gceart ag oibrithe chun ardleibhéal cosanta sláinte agus sábháilteachta ag an obair agus leis an gceart chun timpeallacht oibre atá curtha in oiriúint dá riachtanais ghairmiúla, cuirtear cosaint ar charcanaiginí agus ar shó-ghineacha ag an láthair oibre san áireamh freisin, beag beann ar fhad na fostaíochta nó fad an nochta.

(2) Leis an Treoir seo, urramaítear na cearta bunúsacha agus cloítear leis na prionsabail a aithnítear sa Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, go háirithe an ceart chun na beatha agus an ceart chun dálaí oibre cothroma agus córa dá bhforáiltear in Airteagail 2 agus 31 de faoi seach.

(3) Is é is aidhm le Treoir 2004/37/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]) oibrithe a chosaint ar rioscaí dá sláinte agus dá sábháilteacht a thagann as nochtadh do charcanaiginí nó do shó-ghineacha sa láthair oibre. Leis an Treoir sin, déantar foráil do leibhéal comhsheasmhach cosanta ar na rioscaí a bhaineann le carcanaiginí nó le só-ghineacha trí bhíthin chreat na bprionsabal ginearálta ionas gur féidir leis na Ballstáit a áirithiú go gcuirfear ceanglais íosta i bhfeidhm ar bhealach comhsheasmhach. Is é is aidhm leis na ceanglais íosta sin oibrithe a chosaint ar leibhéal an Aontais agus cur leis na difríochtaí a laghdú idir na leibhéil chosanta a bhíonn ag oibrithe ar fud an Aontais agus chun cothroime iomaíochta a áirithiú. Is gnéithe tábhachtacha iad teorainnluachanna ceangailteacha nochta ceirde de na socruithe ginearálta a bhaineann le hoibrithe a chosaint a bunaíodh le Treoir 2004/37/CE. Ba cheart do na teorainnluachanna sin a bheith fianaisebhunaithe, comhréireach agus intomhaiste agus ba cheart iad a bhunú ar bhonn na faisnéise atá ar fáil, lena n-áirítear sonraí eolaíocha agus teicniúla atá nuashonraithe, indéantacht eacnamaíoch an chur chun feidhme agus an chomhlíonta, measúnú críochnúil ar an tionchar socheacnamaíoch agus prótacail agus teicnící maidir le nochtadh a thomhas a bheith ar fáil ag an láthair oibre. Féadfaidh na Ballstáit teorainnluachanna nochta ceirde níos déine a leagan síos i ndlúthchomhar leis na comhpháirtithe sóisialta. Ina theannta sin, le Treoir 2004/37/CE ní chuirtear aon chosc ar na Ballstáit bearta breise, amhail teorainnluach bitheolaíoch, a chur i bhfeidhm.

([1]) IO C 440, 6.12.2018, lch. 145.

([2]) Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 27 Márta 2019 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 21 Bealtaine 2019.

([3]) IO C 428, 13.12.2017, lch. 10.

([4]) Treoir 2004/37/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le hoibrithe a chosaint ar na rioscaí a bhaineann le nochtadh do charcanaiginí nó do shó-ghineacha ag an obair (an séú Treoir ar leith de réir bhrí Airteagal 16(1) de Threoir 89/391/CEE) (IO L 158, 30.4.2004, lch. 50).

(4) Is é is aidhm le Treoir 2004/37/CE na substaintí nó meascáin a chumhdach a chomhlíonann na critéir lena gcur in aicme mar chatagóir charcanaigin 1A nó 1B nó mar chatagóir shó-ghineach 1A nó 1B atá leagtha amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]) chomh maith le substaintí, meascáin nó próisis dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2004/37/CE. Is iad na substaintí a chomhlíonann na critéir lena gcur in aicme mar chatagóir charcanaigin 1A nó 1B nó mar chatagóir shó-ghineach 1A nó 1B atá leagtha amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 na substaintí sin ag a bhfuil aicmiú comhchuibhithe nó a dhéantar a aicmiú i gcomhréir le hAirteagail 4 nó 36 den Rialachán sin agus ar tugadh fógra ina leith don Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (ECHA) de bhun Airteagal 40 den Rialachán sin. Liostaítear na substaintí sin san Fhardal Aicmithe agus an Lipéadaithe poiblí arna choinneáil ag ECHA. Chun substaintí nua a chur le liosta na substaintí, meascán agus próiseas dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2004/37/CE i gcomhréir le pointe (a)(ii) d'Airteagal 2 den Treoir sin, ba cheart fianaise eolaíoch stóinsithe de charcanaigineacht na substainte iomchuí a léiriú, ar bhonn foinsí eolaíocha bailí amhail an Coiste um Measúnú Riosca (RAC) de chuid ECHA, an Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta um Thaighde ar Ailse (IARC), agus comhlachtaí náisiúnta, agus aird ar leith á tabhairt ar an litríocht fhoilsithe ar a ndearnadh athbhreithniú piaraí maidir leis an tsubstaint sin.

(5) Is cuid de na bearta bainistithe riosca faoi Threoir 2004/37/CE na teorainnluachanna céanna sin um nochtadh ag an láthair oibre. Ba cheart na teorainnluachanna sin a athbhreithniú go rialta i gcomhréir le prionsabal an réamhchúraim agus prionsabal na cosanta d'oibrithe, agus i bhfianaise na sonraí eolaíocha agus teicniúla fónta atá ar fáil maidir le carcanaiginí agus só-ghineacha. Ba cheart aird chuí a thabhairt freisin ar theicnící tomhaiste, bearta bainistithe riosca agus tosca ábhartha eile a fheabhsú. Ní dochar comhlíonadh na dteorainnluachanna sin do na hoibleagáidí eile a chuirtear ar fhostóirí de bhun na Treorach sin, go háirithe a mhéid a bhaineann le laghdú ar úsáid carcanaiginí agus só-ghineacha ag an láthair oibre, le nochtadh na n-oibrithe do charcanaiginí nó só-ghineacha a chosc nó a laghdú, agus leis na bearta is ceart a chur chun feidhme chun na críche sin. Ba cheart a áireamh ar na bearta sin, a mhéid is féidir go teicniúil, substaint, meascán nó próiseas a chur in ionad na carcanaigine nó an tsó-ghinigh nach bhfuil contúirteach nó a bhfuil an chontúirt is lú ag baint leis do shláinte oibrithe, córas dúnta a úsáid, agus bearta eile arb é is aidhm leo leibhéal nochta oibrithe a laghdú.

(6) D'fhéadfadh airíonna géineatocsaineacha, carcanaigineacha nó só-ghineacha a bheith i ndrugaí guaiseacha, lena n-áirítear drugaí cíteatocsaineacha a úsáidtear go príomha le haghaidh cóireáil ailse. Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach oibrithe a nochtar do dhrugaí den sórt sin mar thoradh ar an obair a bhaineann le: riaradh nó diúscairt drugaí guaiseacha, lena n-áirítear drugaí cíteatocsaineacha; obair a bhaineann le seirbhísí atá bainteach le glanadh, iompar, níochán nó diúscairt dramhaíola drugaí guaiseacha nó ábhair atá éillithe ag drugaí den sórt sin; cúram pearsanta d'othair ar cuireadh cóireáil orthu le drugaí guaiseacha a chosaint. Tá drugaí guaiseacha, lena n-áirítear drugaí cíteatocsaineacha, faoi réir bhearta de chuid an Aontais lena bhforáiltear i leith ceanglais íosta maidir le sláinte agus sábháilteacht oibrithe a chosaint, go háirithe iad sin dá bhforáiltear i dTreoir 98/24/CE ón gComhairle ([6]). Tá drugaí guaiseacha ina bhfuil substaintí ar carcanaiginí nó só-ghineacha iad chomh maith, faoi réir Threoir 2004/37/CE. Ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar an ionstraim is iomchuí chun sábháilteacht cheirde na n-oibrithe a nochtar do dhrugaí guaiseacha, lena n-áirítear drugaí cíteatocsaineacha, a áirithiú. Agus an méid sin á dhéanamh aige, níor cheart rochtain na n-othar ar an gcóireáil is fearr atá ar fáil a chur i mbaol.

(7) I dtaca le formhór na gcarcanaiginí agus na só-ghineach, ní acmhainn don eolaíocht leibhéil a shainaithint nach mbeadh éifeachtaí díobhálacha faoina mbun i gcás nochtadh. Bíodh is nach féidir na rioscaí do shláinte agus do shábháilteacht na n-oibrithe as nochtadh do charcanaiginí agus do shó-ghineacha ag an obair (amhail riosca iarmharach) a dhíothú trí theorainnluachanna a leagan síos don láthair oibre de bhun na Treorach seo, ní beag an cúnamh sin, mar sin féin, mar go laghdaítear go mór na rioscaí a eascraíonn ó nochtadh dá leithéid, a bhuí leis an gcur chuige céim ar chéim agus cuspóir-dhírithe de bhun Threoir 2004/37/CE. Maidir le carcanaiginí agus só-ghineacha eile, is acmhainn don eolaíocht leibhéil a shainaithint nár dhóigh go dtarlódh éifeachtaí díobhálacha faoina mbun i gcás nochtadh.

(8) I dtaca le huasleibhéil do nochtadh oibrithe do charcanaiginí nó do shó-ghineacha áirithe, is le luachanna a bhunaítear iad agus, de bhun Threoir 2004/37/CE, ní ceart na luachanna sin a shárú.

(9) Leis an Treoir seo, neartaítear cosaint sláinte agus sábháilteachta oibrithe ina láthair oibre. Ba cheart don Choimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar Threoir 2004/37/CE ar bhonn rialta agus tograí reachtacha a dhéanamh, más iomchuí. Ba cheart teorainnluachanna nua a leagan amach sa Treoir sin i bhfianaise na faisnéise atá ar fáil, lena n-áirítear sonraí eolaíocha agus teicniúla nua agus dea-chleachtais, teicnící agus prótacail fhianaise-bhunaithe maidir le leibhéil nochta ar an láthair oibre a thomhas. Ba cheart más féidir, sonraí maidir le rioscaí iarmharacha do shláinte oibrithe, moltaí ón gCoiste Eolaíoch um Theorainneacha Nochta Ceirde (SCOEL) agus tuairimí RAC agus tuairimí ón gCoiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (ACSH) agus monagraif IARC a chuimsiú san fhaisnéis sin. Is uirlis choisctheach í

([5]) Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán, agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Treoir 67/548/CEE agus Treoir 1999/45/CE, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 (IO L 353, 31.12.2008, lch. 1).

([6]) Treoir 98/24/CE ón gComhairle an 7 Aibreán 1998 maidir le sláinte agus sábháilteacht oibrithe a chosaint ar na rioscaí a bhaineann le hoibreáin cheimiceacha ar an láthair oibre (an ceathrú Treoir déag aonair de réir bhrí Airteagal 16(1) de Threoir 89/391/CEE) (IO L 131, 5.5.1998, lch. 11).

trédhearcacht na faisnéise sa chomhthéacs sin agus ba cheart í a áirithiú. Tá luach ag baint le faisnéis a bhaineann le riosca iarmharach i ndáil lena ndéanfar amach anseo ar mhaithe le teorainn a chur leis na rioscaí a eascraíonn as nochtadh ceirde do charcanaiginí agus do shó-ghineacha, agus ba cheart an fhaisnéis sin a chur ar fáil go poiblí ar leibhéal an Aontais. Tá an Treoir seo i gcomhréir leis na moltaí sonracha ó SCOEL, RAC agus ACSH, ar cuireadh a dtábhacht in iúl i leasuithe a rinneadh ar Threoir 2004/37/CE roimhe seo.

(10) Ina theannta sin, i bhfianaise na sonraí eolaíocha, is gá breithniú ar chonairí ionsúcháin na gcarcanaiginí agus na só-ghineach seachas ionanálú, lena n-áirítear go bhféadfaidís dul tríd an gcraiceann, agus i gcásanna den sórt sin, nodaireacht craicinn maidir leis na substaintí ábhartha a shannadh, chun an leibhéal cosanta is fearr agus is féidir a áirithiú. Is céim bhreise iad na leasuithe ar Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2004/37/CE dá bhforáiltear sa Treoir seo i bpróiseas fadtéarmach ar cuireadh tús leis chun an Treoir sin a thabhairt cothrom le dáta.

(11) Bunaíodh an measúnú ar éifeachtaí sláinte carcanaiginí faoi réir na Treorach seo ar shaineolas eolaíoch ábhartha ó SCOEL agus RAC.

(12) Tugann SCOEL, a cuireadh ar bun le Cinneadh 2014/113/AE ón gCoimisiún [7], cúnamh don Choimisiún, go háirithe leis na sonraí eolaíocha is déanaí dá bhfuil ar fáil a shainaithint, a mheas agus a anailísiú go mion, agus le teorainnluachanna nochta ceirde a mholadh ar mhaithe le hoibrithe a chosaint ar rioscaí ceimiceacha, a leagfar síos ar leibhéal an Aontais de bhun Threoracha 98/24/CE agus 2004/37/CE.

(13) I gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [8], tarraingíonn RAC tuairimí ECHA suas i ndáil leis na rioscaí a bhaineann le substaintí ceimiceacha do shláinte an duine agus don chomhshaol. I gcomhthéacs na Treorach seo, d'ullmhaigh RAC a thuairim arna iarraidh sin i gcomhréir le pointe (c) d'Airteagal 77(3) den Rialachán sin.

(14) Is dea-shampla an feachtas 2018-go-2019 dar teideal "Healthy Workplaces Manage Dangerous Substances" ("An Láthair Shláintiúil Oibre: Bainistigh Substaintí Contúirteacha") den chaoi a bhféadfaidh an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (EU-OSHA) tacú le cur chun feidhme na reachtaíochta maidir le sábháilteacht agus sláinte cheirde ar leibhéal an Aontais. Tá sé inmhianaithe go n-oibreodh EU-OSHA i ndlúthchomhar leis na Ballstáit chun faisnéis shaincheaptha agus samplaí den dea-chleachtas a thabhairt d'oibrithe a bhíonn i dteagmháil le substaintí áirithe, lena leagfaí béim ar fhorbairtí beartais agus ar an gcreat reachtach atá ann cheana.

(15) Sásaíonn caidmiam agus a lán dá chomhdhúile neamhorgánacha na critéir lena gcur in aicme charcanaigineach (catagóir 1B) i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 agus, dá bhrí sin, is carcanaiginí de réir bhrí Threoir 2004/37/CE iad. Is iomchuí, dá bhrí sin, ar bhonn na faisnéise atá ar fáil, lena n-áirítear sonraí eolaíocha agus teicniúla, teorainnluach a bhunú le haghaidh caidmiam agus a chomhdhúl neamhorgánach sa Treoir sin. Ina theannta sin, rinneadh caidmiam, níotráit chaidmiam, hiodrocsaíd chaidmiam agus carbónáit chaidmiam a shainaithint mar shubstaintí arb údar mór imní iad de bhun phointe (a) d'Airteagal 57 de Rialachán CE Uimh. 1907/2006 agus cuirtear san áireamh sa liosta iarrthóirí iad dá dtagraítear in Airteagal 59(1) den Rialachán sin.

(16) Maidir le caidmiam, foráiltear go mbeidh deacrachtaí cloí le teorainnluach 0,001 $mg/m^3$ sa ghearrthéarma. Is iomchuí, dá bhrí sin, idirthréimhse 8 mbliana a thabhairt isteach ar lena linn ba cheart feidhm a bheith ag an teorainnluach 0,004 $mg/m^3$ (codán in-ion-análaithe). D'fhonn ionchais dhlisteanacha a chosaint agus chun a sheachaint go bhféadfaí cur as do chleachtais atá ann cheana sna Ballstáit a chuirfidh córas bithfhaireacháin i bhfeidhm, ar dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo, ag a mbeidh teorainnluach bitheolaíoch nach mó ná 0,002 mg Cd/g créitínín san fhual, ba cheart an teorainnluach 0,004 $mg/m^3$ a thomhas, sna Ballstáit sin, mar chodán inanálaithe le linn na hidirthréimhse, i bhfianaise thuairimí SCOEL agus ACSH maidir le caidmiam agus a chomhdhúile neamhorgánacha.

(17) Ar bhonn na bhfoinsí eolaíocha bailí atá ar fáil, amhail iad siúd arna soláthar ag SCOEL, RAC agus comhlachtaí ábhartha náisiúnta, ba cheart don Choimisiún, tráth nach déanaí ná 3 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo, measúnú a dhéanamh ar cheart Treoir 2004/37/CE a leasú trí fhorálacha a chur isteach maidir le teorainn nochta ceirde aeriompartha agus teorainnluach bitheolaíoch le haghaidh caidmiam agus a chomhdhúl neamhorgánach.

---

([7]) Cinneadh ón gCoimisiún 2014/113/AE an 3 Márta 2014 maidir le Coiste Eolaíoch um Theorainneacha Nochta Ceirde d'Oibreáin Cheimiceacha a bhunú agus lena n-aisghairtear Cinneadh 95/320/CE (IO L 62, 4.3.2014, lch. 18).

([8]) Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH), lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, lena leasaítear Treoir 1999/45/CE agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 793/93 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1488/94 ón gCoimisiún, chomh maith le Treoir 76/769/CEE ón gComhairle agus Treoracha 91/155/CEE, 93/67/CEE, 93/105/CE agus 2000/21/CE ón gCoimisiún (IO L 396, 30.12.2006, lch. 1).

(18) Chosnófaí oibrithe i gcoinne na tocsaineachta sistéamaí a bhaineann le caidmiam agus a chomhdhúile, a théann i gcion ar na duáin agus cnámha go príomha, agus teorainnluach bitheolaíoch a leagan síos lena n-aghaidh. Dá bhrí sin, féadfaidh faireachán bitheolaíoch cur le cosaint oibrithe ag an láthair oibre ach ní dhéanfar é sin ach amháin tríd an bhfaireachán a dhéantar ar thiúchan caidmiam agus a chomhdhúile neamhorgánacha san aer, agus dá réir sin laistigh de limistéar análaithe na n-oibrithe. Ba cheart don Choimisiún treoirlínte praiticiúla maidir le faireachán bitheolaíoch a eisiúint.

(19) Sásaíonn beirilliam agus formhór na gcomhdhúl beirilliam neamhorgánach na critéir lena gcur in aicme charcanaigineach (catagóir 1B) i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 agus, dá bhrí sin, is carcanaiginí de réir bhrí Threoir 2004/37/CE iad. I dteannta airíonna carcanaigineacha, tagann galar beirilliam ainsealach (CBD) agus íogrú beirilliam (BeS) as beirilliam. Is iomchuí dá bhrí sin, ar bhonn na faisnéise atá ar fáil, lena n-áirítear sonraí eolaíocha agus teicniúla, teorainnluach a bhunú le haghaidh beirilliam agus comhdhúile beirilliam neamhorgánacha sa Treoir sin agus nodaireacht a shannadh d'íogrú craicinn agus riospráide.

(20) Maidir le beirilliam, foráiltear go mbeidh sé deacair cloí le teorainnluach 0,0002 mg/m$^3$ sa ghearrthéarma. Is iomchuí, dá bhrí sin, idirthréimhse 7 mbliana a thabhairt isteach ar lena linn ba cheart feidhm a bheith ag an teorainnluach de 0,0006 mg/m$^3$.

(21) Sásaíonn aigéad arsanaice agus a shalainn, chomh maith le formhór na gcomhdhúl arsanaice neamhorgánach, na critéir lena gcur in aicme charcanaigineach (catagóir 1A) i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 agus, dá bhrí sin, is carcanaiginí de réir bhrí Threoir 2004/37/CE iad. Is iomchuí, mar sin, ar bhonn na faisnéise atá ar fáil, lena n-áirítear sonraí eolaíocha agus teicniúla, teorainnluach a bhunú le haghaidh aigéad arsanaice agus a shalainn, chomh maith leis na comhdhúile arsanaice neamhorgánacha sa Treoir sin. Ina theannta sin, déantar aigéad arsanaice, peantocsaíd dé-arsanaice agus trí-ocsaíd dé-arsanaice a shainaithint mar shubstaintí arb údar mór imní iad de bhun phointe (a) d'Airteagal 57de Rialachán CE Uimh. 1907/2006 agus cuirtear san áireamh in Iarscríbhinn XIV a ghabhann leis an Rialachán sin iad, lena gceanglaítear údarú a fháil sula féidir iad a úsáid.

(22) Maidir le haigéad arsanaice, foráiltear go mbeidh deacrachtaí ag earnáil an bhruithnithe copair cloí le teorainnluach 0,01 mg/m$^3$. Dá bhrí sin, ba cheart idirthréimhse 4 bliana a thabhairt isteach.

(23) Sásaíonn formaildéad na critéir lena cur in aicme charcanaigineach (catagóir 1B) i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 agus, dá bhrí sin, is carcanaigin é de réir bhrí Threoir 2004/37/CE. Is carcanaigin ghéineatocsaineach é formaildéad a oibríonn go háitiúil agus tá fianaise eolaíoch leordhóthanach ann maidir lena charcanaigineacht i ndaoine. Is ailléirgin i dteagmháil leis an gcraiceann (íogróir craicinn) é formaildéad freisin. Is iomchuí, dá bhrí sin, ar bhonn na faisnéise atá ar fáil, lena n-áirítear sonraí eolaíocha agus teicniúla, teorainnluach fadtéarmach agus gearrthéarmach a bhunú le haghaidh formaildéid sa Treoir sin agus nodaireacht a shannadh d'íogrú craicinn. Ina theannta sin, arna iarraidh sin don Choimisiún, tá faisnéis atá anois ann á bailiú ag ECHA freisin chun measúnú a dhéanamh ar nochtadh ó fhormaildéad agus ó scaoilteoirí formaildéid a d'fhéadfadh a bheith i gceist ag an láthair oibre, lena n-áirítear úsáidí tionsclaíocha agus gairmiúla.

(24) Úsáidtear daingneáin formaildéid go rialta in earnáil an chúraim sláinte ar fud an Aontais i ngeall ar a áisiúil atá siad a láimhseáil, an leibhéal ard cruinnis agus an oll-inoiriúnaitheacht a bhaineann leo. I roinnt Ballstát, foráiltear go mbeidh deacrachtaí ag earnáil an chúraim sláinte maidir leis an teorainnluach 0,37 mg/m$^3$ nó 0,3 ppm a chomhlíonadh sa ghearrthéarma. Is iomchuí, dá bhrí sin, idirthréimhse 5 bliana a thabhairt isteach don earnáil sin, ar lena linn a mbeadh feidhm ag an teorainnluach 0,62 mg/m$^3$ nó 0,5 ppm. Ba cheart don earnáil cúram sláinte, áfach, an nochtadh don fhormaildéad a íoslaghdú, agus moltar di an teorainnluach 0,37 mg/m$^3$ nó 0,3 ppm a urramú le linn na hidirthréimhse a mhéid is féidir.

(25) I roinnt Ballstát, úsáidtear formaildéad go rialta chun críocha daoine marbha a bhalsamú mar chuid dá gcleachtais chultúrtha nó reiligiúnacha. Foráiltear go mbeidh deacrachtaí ag earnáil na sochraidí an teorainnluach 0,37 mg/m$^3$ nó 0,3 ppm a chomhlíonadh sa ghearrthéarma. Is iomchuí, dá bhrí sin, idirthréimhse 5 bliana a thabhairt isteach don earnáil sin ar lena linn a mbeadh feidhm ag an teorainnluach 0,62 mg/m$^3$ nó 0,5 ppm.

(26) Is chun an cás a shoiléiriú a thugtar isteach na nodaireachtaí d'íogrú atá leagtha amach sa Treoir seo le haghaidh beirilliam agus formaildéad. Nuair a shocrófar nodaireachtaí den chineál sin le linn Treoir 2004/37/CE a thabhairt cothrom le dáta, ba cheart comhleanúnachas le dlí ábhartha an Aontais a áirithiú. Féadfar a áireamh leis sin nodaireachtaí d'íogarú le haghaidh substaintí dá bhfuil iontráil ar leith atá ann cheana in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir sin, i gcás inarb ábhartha.

(27) Comhlíonann 4,4′-Meitiléin-bis(2-clóranailín) (MOCA) na critéir lena chur in aicme charcanaigineach (catagóir 1B) i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 agus, dá bhrí sin, is carcanaigin de réir bhrí Threoir 2004/37/CE é. De bharr charcanaigineacht agus shaintréithe follasacha géineatocsaineacha na substainte sin, is féidir í a aicmiú mar shubstaint atá carcanaigineach do dhaoine. Sainaithníodh go bhféadfadh MOCA dul tríd an gcraiceann. Dá bhrí sin, is iomchuí teorainnluach a bhunú le haghaidh MOCA agus nodaireacht craicinn a shannadh dó. Ina theannta sin, sainaithníodh mar shubstaint arb údar mór imní é de bhun phointe (a) d'Airteagal 57 de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 agus cuirtear san áireamh in Iarscríbhinn XIV a ghabhann leis an Rialachán sin é, lena gceanglaítear údarú a fháil sula féidir é a chur ar an margadh nó a úsáid. Ar bhonn na faisnéise atá ar fáil, lena n-áirítear sonraí eolaíocha agus teicniúla, féadfar teorainnluach a leagan síos do MOCA.

(28) Chuaigh an Coimisiún i gcomhairle le ACSH. Chomh maith leis sin, rinne sé comhairliúchán dhá chéim leis an lucht bainistíochta agus saothair ar leibhéal an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 154 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Ghlac ACSH tuairimí le haghaidh na substaintí a chumhdaítear leis an Treoir seo agus mhol sé teorainnluach ceangailteach nochta ceirde le haghaidh gach ceann díobh, ag tacú leis na nodaireachtaí ábhartha maidir le cuid díobh.

(29) Beidh na teorainnluachanna a bhunaítear sa Treoir seo á ngrinnscrúdú agus á n-athbhreithniú go rialta chun comhsheasmhacht le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 a áirithiú, go háirithe chun an idirghníomhaíocht a chur san áireamh idir na teorainnluachanna a bhunaítear le Treoir 2004/37/CE agus leibhéil gan éifeacht a dhíorthaítear do cheimiceáin ghuaiseacha faoin Rialachán sin chun oibrithe a chosaint go héifeachtach.

(30) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir na Treorach seo, amhail oibrithe a chosaint ar rioscaí dá sláinte agus dá sábháilteacht, lena n-áirítear rioscaí den sórt sin a chosc, a thiocfadh chun cinn, nó ar dóigh go dtiocfaidh siad chun cinn mar iarmhairtí a bhaineann le nochtadh do charcanaiginí nó do shó-ghineacha ag an obair, a bhaint amach go leordhóthanach, agus de bharr a fairsinge agus a héifeachtaí, gur fearr is féidir iad a bhaint amach ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Treoir seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a bhaint amach.

(31) Agus an Treoir seo á cur chun feidhme acu, ba cheart do na Ballstáit staonadh ó shrianta riaracháin, airgeadais agus dlíthiúla a fhorchur ar bhealach lena gcuirfí bac ar bhunú agus ar fhorbairt gnóthas beag agus meánmhéide. I ndáil leis an méid sin, moltar do na Ballstáit agus do chomhlachtaí ábhartha ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta dreasachtaí, treoir agus comhairle a sholáthar do mhicrifhiontair agus d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide chun comhlíonadh na Treorach seo a éascú. Sa chomhthéacs sin, ba dhíol mór sásaimh comhaontuithe comhpháirtíochta sóisialta, treoir agus gníomhaíochtaí comhpháirteacha eile lena saineofaí agus lena bhforbrófaí dea-chleachtais.

(32) Ó tharla gur le cosaint sláinte agus sábháilteachta oibrithe ar an láthair oibre a bhaineann an Treoir seo, ba cheart í a thrasuí laistigh de 2 bhliain ó dháta a teacht i bhfeidhm.

(33) Ba cheart, dá bhrí sin, Treoir 2004/37/CE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Treoir 2004/37/CE mar a leanas:

(1) in Airteagal 18a, cuirtear na fomhíreanna seo a leanas leis:

"Tráth nach déanaí ná an 11 Iúil 2022, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar cibé acu a fhéadfar nó nach bhféadfar an Treoir seo a leasú chun forálacha a chur isteach maidir le teorainn nochta ceirde aeriompartha agus teorainnluach bitheolaíoch le haghaidh caidmiam agus a chomhdhúl neamhorgánach.

Tráth nach déanaí ná an 30 Meitheamh 2020, déanfaidh an Coimisiún, agus na forbairtí is déanaí san eolas eolaíoch á gcur san áireamh aige, agus tar éis dó dul i mbun comhairliúcháin iomchuí le cleachtóirí sláinte agus gairmithe sláinte, measúnú ar an rogha leasú a dhéanamh ar an Treoir chun drugaí guaiseacha a chur san áireamh, lena n-áirítear drugaí cíteatocsaineacha, nó cibé acu a mholfaidh nó nach molfaidh sé ionstraim níos iomchuí chun sábháilteacht cheirde oibrithe ó nochtadh do dhrugaí den sórt sin a áirithiú. Ar an mbonn sin, tíolacfaidh an Coimisiún, i gcás inarb iomchuí, agus tar éis dó dul i gcomhairle leis an lucht bainistíochta agus leis an lucht saothair, togra reachtach.";

(2) leasaítear Iarscríbhinn III i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir seo.

*Airteagal 2*

1. Déanfaidh na Ballstáit na forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh a thabhairt i bhfeidhm faoin 11 Iúil 2021. Cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas faoin méid sin láithreach.

Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na bearta sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Leagfaidh na Ballstáit síos an bealach a ndéanfar tagairtí den sórt sin.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs fhorálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 4*

Dírítear an Treoir seo chuig na Ballstáit.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil an 5 Meitheamh 2019.

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*
A. TAJANI

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
G. CIAMBA

*IARSCRÍBHINN*

I bpointe A d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2004/37/CE, cuirtear na rónna seo a leanas leis:

| Ainm an oibreáin | Uimh. CE ([1]) | Uimh. CAS ([2]) | Teorainnluachanna | | | | | | Nodaireacht | Bearta idirthréimhseacha |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | 8 n-uaire an chloig ([3]) | | | Gearrthéarmach ([4]) | | | | |
| | | | $mg/m^3$ ([5]) | ppm ([6]) | f/ml ([7]) | $mg/m^3$ ([5]) | Ppm ([6]) | f/ml ([7]) | | |
| 'Caidmiam agus a chomhdhúile neamhorgánacha | — | — | 0,001 ([11]) | — | — | — | — | — | | Teorainnluach 0,004 $mg/m^3$ ([12]) go dtí an 11 Iúil 2027. |
| Beirilliam agus comhdhúile beirilliam neamhorgánacha | — | — | 0,0002 ([11]) | — | — | — | — | — | íogrú craicinn agus riospráide ([13]) | Teorainnluach 0,0006 $mg/m^3$ go dtí an 11 Iúil 2026. |
| Aigéad arsanaice agus a shalainn chomh maith le formhór na gcomhdhúl arsanaice neamhorgánach | — | — | 0,01 ([11]) | — | — | — | — | — | — | I gcás earnáil an bhruithnithe copair, beidh feidhm ag an teorainnluach ón 11 Iúil 2023. |
| Formaildéad | 200-001-8 | 50-00-0 | 0,37 | 0,3 | — | 0,74 | 0,6 | — | íogrú craicinn ([14]) | Teorainnluach 0,62 $mg/m^3$ nó 0,5 ppm ([3]) d'earnálacha an chúraim sláinte, na sochraidí agus an bhalsamaithe go dtí an 11 Iúil 2024. |
| 4,4′-Meitiléin-bis-(2 chloraniline) | 202-918-9 | 101-14-4 | 0,01 | — | — | — | — | — | craiceann ([10]) | |

([11]) Codán in-ionanálaithe.
([12]) Codán in-ionanálaithe. Codán inanálaithe sna Ballstáit sin a chuirfidh córas bithfhaireacháin i bhfeidhm, ar dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo, ag a mbeidh teorainnluach bitheolaíoch nach mó ná 0,002 mg Cd/g créitínín san fhual.
([13]) D'fhéadfadh íogrú craicinn agus na conaire riospráide teacht as nochtadh don tsubstaint seo.
([14]) D'fhéadfadh íogrú craicinn teacht as nochtadh don tsubstaint seo.'.

# CINNTÍ

## CINNEADH (AE) 2019/984 Ó PHARLAIMINT NA EORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**an 5 Meitheamh 2019**

**lena leasaítear Treoir 96/53/CE ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an teorainn ama do chur chun feidhme na rialacha speisialta maidir le fad uasta i gcás cábáin lena seachadtar feidhmíocht aeraidinimiciúil, éifeachtúlacht fuinnimh agus feidhmíocht sábháilteachta níos fearr**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 91(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ([1]),

Tar éis dóibh dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ([2]),

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leasaíodh Treoir 96/53/CE ón gComhairle ([3]) le Treoir (AE) 2015/719 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]) agus é mar aidhm leis sin tomhaltas fuinnimh agus astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, chun an reachtaíocht a oiriúnú d'fhorbairtí teicniúla agus riachtanais athraitheacha an mhargaidh agus an t-iompar idirmhódúil a éascú.

(2) Leis an bhfeabhas ar aeraidinimic na gcábán i mótarfheithiclí, d'fhéadfaí dul chun cinn suntasach a dhéanamh maidir le feidhmíocht fuinnimh na bhfeithiclí. Ní fhéadfaí an feabhsú sin a dhéanamh, áfach, faoi na srianta maidir le fad uasta a leagtar amach le Treoir 96/53/CE gan acmhainn ualaigh na feithicle a laghdú. Dá bhrí sin, tugadh isteach maolú ó shrianta ar fhad uasta le Treoir (AE) 2015/719.

(3) Tá an maolú ó na srianta ar fhad uasta a tugadh isteach le Treoir (AE) 2015/719 le feidhm a bheith aige ón dáta arb é 3 bliana tar éis an dáta le haghaidh thrasuí nó chur i bhfeidhm na leasuithe riachtanacha i dtaca le ceanglais chineálcheadaithe theicniúla.

(4) Chun go dtiocfaidh ann, chomh luath agus is féidir, na tairbhí a bhaineann le cábáin aeraidinimiciúla, i dtéarmaí feidhmíocht fuinnimh feithiclí earraí troma, ach ina theannta sin i dtéarmaí infheictheacht níos fearr do thiománaithe, sábháilteacht níos fearr d'úsáideoirí bóthair eile mar aon le sábháilteacht agus compord do thiománaithe, is gá a áirithiú gur féidir na cábáin aeraidinimiciúla sin a thabhairt isteach gan moill mhíchuí a luaithe a bheidh na ceanglais chineálcheadaithe i bhfeidhm.

(5) Tá gá ag an earnáil iompair agus ag monaróirí trealaimh le dóthain ama le seirbhísí agus táirgí nua a fhorbairt. D'fhonn leas a bhaint as rialacha deartha níos solúbtha do chábáin, tá sé tábhachtach go ndéanfadh an Coimisiún gníomhaíocht chun a áirithiú gur féidir na forálacha teicniúla atá riachtanach a ghlacadh a luaithe is féidir, le go dtiocfadh glúin nua cábán ar an margadh go réidh agus gan mhoill. Anuas air sin, ba cheart don Choimisiún agus

([1]) IO C 62, 15.2.2019, lch. 286.

([2]) Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 26 Márta 2019 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 22 Bealtaine 2019.

([3]) Treoir 96/53/CE ón gComhairle an 25 Iúil 1996 lena leagtar síos na toisí údaraithe uasta sa trácht náisiúnta agus idirnáisiúnta agus na meáchain údaraithe uasta sa trácht idirnáisiúnta le haghaidh feithiclí bóthair áirithe ag gluaiseacht laistigh den Chomhphobal (IO L 235, 17.9.1996, lch. 59).

([4]) Treoir (AE) 2015/719 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 lena leasaítear Treoir 96/53/CE ón gComhairle lena leagtar síos na toisí údaraithe uasta sa trácht náisiúnta agus idirnáisiúnta agus na meáchain údaraithe uasta sa trácht idirnáisiúnta le haghaidh feithiclí bóthair áirithe ag gluaiseacht laistigh den Chomhphobal (IO L 115, 6.5.2015, lch. 1).

do na Ballstáit, ag gníomhú dóibh ina róil faoi seach ar an gCoiste Teicniúil maidir le Mótarfheithiclí, a bunaíodh le Treoir 2007/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]) a seacht ndícheall a dhéanamh chun a áirithiú go dtabharfar tuairim go gasta. Mura mbeidh na bearta atá beartaithe ag an gCoimisiún i gcomhréir le tuairim an choiste sin, nó mura dtugtar tuairim ar bith, gníomhóidh an Coimisiún gan mhoill i gcomhréir le hAirteagal 5a(4) de Chinneadh 1999/468/CE ([6]).

(6) Ba cheart, dá bhrí sin, Treoir 96/53/CE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Airteagal 9a de Threoir 96/53/CE mar a leanas:

(1) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír, i ndiaidh phointe (d):

“Chuige sin, déanfaidh an Coimisiún na bearta is gá, faoi chuimsiú Threoir 2007/46/CE, chun foráil a dhéanamh do chineálcheadú feithiclí nó cónasc feithiclí dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo faoin 1 Samhain 2019.”;

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

“3. Beidh feidhm ag mír 1 ón 1 Meán Fómhair 2020 amach.”.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil an 5 Meitheamh 2019.

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |
| A. TAJANI | G. CIAMBA |

([5]) Treoir 2007/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meán Fómhair 2007 lena mbunaítear creat i gcomhair mótarfheithiclí agus a leantóirí, agus córais, comhpháirteanna agus aonaid theicniúla faoi leith atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin a cheadú (Treoir Réime) (IO L 263, 9.10.2007, lch. 1).

([6]) Cinneadh 1999/468/CE ón gComhairle an 28 Meitheamh 1999 lena leagtar síos na nósanna imeachta i gcomhair fheidhmiú na gcumhachtaí cur chun feidhme a thugtar don Choimisiún (IO L 184, 17.7.1999, lch. 23).

ISSN 1977-0839 (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2571 (leagan páipéir)

Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh
L-2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA